Health Information and Quality Authority

An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte



# tuarascáil bhliantúil **2014**

## Cúram níos sábháilte, níos fearr

RIALÚCHÁN

TACÚ LE
FEABHSUITHE

MEASÚNÚ AR
THEICNEOLAÍOCHTAÍ
SLÁINTE

TORTHAÍ
A FHEABHSÚ
DE BHARR
NA FAISNÉISE

# FOCAL ÓN gCATHAOIRLEACH



In ainneoin gurb iomaí dúshlán a bhí le sárú ag na seirbhísí sláinte in Éirinn ó thaobh an ghá le seirbhísí a athchóiriú, le caoi sheolta éifeachtach a chur orthu agus le luach ar airgead a bhaint amach, d'éirigh leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (an tÚdarás) a ghealltanas a chomhlíonadh arís i leith feabhsuithe agus cosaintí inbhuanaithe a chur chun cinn agus bonn eolais a chur fúthu ar mhaithe leo siúd a úsáideann seirbhísí cúram sláinte agus shóisialta.

Bliain iontach tábhachtach ba ea an bhliain 2014 i dtaca le daoine leochaileacha a chosaint mar gheall ar gurbh í an chéad bhliain iomlán í den chóras nua rialála ar ionaid ainmnithe do leanaí agus do dhaoine fásta faoi mhíchumas. Le linn na chéad bhliana den chóras seo, rinneamar breis is 700 iniúchadh agus thugamar cuairt ar ní ba mhó ná 50% de na hionaid ainmnithe ar thug soláthróirí seirbhíse fógra dúinn ina leith.

D'fhoilsíomar 36 tuairisc iniúchta ar sheirbhísí altrama agus ar sheirbhísí cónaithe leanaí chomh maith. Thug ár bhFoireann Leanaí tús áite d'iniúchadh a dhéanamh ar ionaid ainmnithe do leanaí faoi mhíchumas agus dá gclárú, agus rinneamar 75 iniúchadh ar sheirbhísí dá leithéid. D'fhoilsíomar *na Dréacht-Chaighdeáin Náisiúnta um Aonaid Sainchúraim*.

Cuirfidh an Ríomh-Shláinte ar ár gcumas an cúram sláinte a athrú ó bhonn agus leanamar de bhéim a leagan ar an tábhacht a bhaineann leis an bhfaisnéis sláinte i leith torthaí a fheabhsú d'othair trí fhaisnéis sláinte a bhailiú, a úsáid agus a chomhroinnt ar bhealach éifeachtach, slán. Mar cheann de na príomheagraíochtaí a thacaíonn leis an bhfís náisiúnta don Ríomh-Shláinte, thugamar faoi chlár oibre in 2014 a raibh sé mar aidhm aige an Straitéis Ríomh-Shláinte don Chúram Sláinte in Éirinn a chur chun cinn.

D'oibrigh an tÚdarás leis an Roinn Sláinte ar an Acht um Aitheantóirí Sláinte, 2014, rud lena gcuirtear creat reachtach ar fáil i gcomhair aitheantóirí uathúla do dhaoine agus do sholáthróirí cúraim sláinte agus rud atá ina thosaíocht faoin Straitéis Ríomh-Shláinte. D'fhonn tacú leis seo chuireamar tús le hobair ar na Caighdeáin Rialachais agus Bainistíochta Faisnéise d'Oibritheoirí Chlárlann na nAitheantóirí Sláinte.

D'fhoilsíomar mór-athbhreithniú ar sheirbhísí cúraim éigeandála réamhospidéil chun a chinntiú go ndéantar othair atá tinn go géar a mheasúnú, a dhiagnóisiú agus a bhainistiú go cliniciúil mar is ceart agus go n-iompraítear chuig saoráid oiriúnach cúraim sláinte iad. Leagtar amach ann 12 mholadh ar leith atá ceaptha le feabhas a bhaint amach, a chreidimid a chuirfidh le sábháilteacht agus le caighdeán na seirbhísí cúraim éigeandála réamhospidéil a chuireann idir Sheirbhís Náisiúnta Otharcharranna FSS agus Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath ar fáil.

Rinneadh iniúchadh reachtúil den athbhreithniú a bhí beartaithe againn ar na socruithe rialachais a bhí i bhfeidhm san Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise i gcaitheamh 2014 de bhun Alt 9 den Acht Sláinte.

Is minic a tholgtar ionfhabhtuithe a bhfuil baint acu leis an gcúram sláinte i seachadadh cúram sláinte. Is mór an tosaíocht dúinn a leithéid d'ionfhabhtuithe a chosc agus a rialú. Rinneamar iniúchadh neamhfhógartha ar 52 ospidéal géarmhíochaine phoiblí i gcaitheamh 2014 mar chuid den chlár monatóireachta atá ar bun againn de réir *na gCaighdeán Náisiúnta um Chosc agus Rialú Ionfhabhtuithe atá Bainteach leis an gCúram Sláinte*.

Tá sé ar cheann de chroíphrionsabail an Údaráis go ndéanaimid cinntí de réir fianaise agus taighde. Cinntíonn Measúnachtaí ar Theicneolaíocht na Sláinte (MTS), a dhéanann an tÚdarás, go mbíonn na próisis déanta cinntí agus beartas dírithe ar an othar agus éifeachtach ó thaobh costais de i gcónaí.

I gcaitheamh 2014 leanamar ag cur measúnachtaí dá leithéid ar thairseacha atreoraithe agus cóireála i ndáil le rogha gnáthamh sceidealaithe lenár sraith foilseachán. Rinneamar MTS ar cheist na rochtana poiblí ar dhífhibrileoirí, inar chuireamar faoi chaibidil na himpleachtaí a bheadh i gceist le clár náisiúnta dífhibrileoirí rochtana poiblí a bhunú d'fhonn líon na ndaoine a thagann slán tar éis stad cairdiach lasmuigh den ospidéal a mhéadú in Éirinn.

Bíonn ról an Údaráis ag forbairt agus ag athrú i gcónaí agus tháinig athrú ar fhoireann bhainistíochta an Údaráis i rith 2014. Bhog an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Dr. Tracey Cooper, ar aghaidh tar éis seacht mbliana go leith a chaitheamh leis an Údarás agus ceapadh mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin Shláinte Phoiblí na Breataine Bige í. Tháinig Stiúrthóir na Stiúrthóireachta um Fhaisnéis Sláinte agus an Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, an tOllamh Jane Grimson, i gcomharbacht ar Tracey agus chuaigh sí i mbun an róil ar bhonn gníomhach sula ndeachaigh sí ar scor le linn 2014. Ceapadh Ceannasaí na Stiúrthóireachta Rialacháin, Phelim Quinn, mar an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nua i mí na Samhna 2014.

Is mór agam fáilte a chur roimh Phelim chuig an ról nua seo, agus tá fios maith agam go leanfaidh an tÚdarás de chóras rialála, a bhfuil muinín ag úsáideoirí agus ag an bpobal as, a choinneáil agus a fheabhsú tuilleadh faoina stiúir.

Gabhaim buíochas le foireann an Údaráis as a gcuid sároibre agus tiomantais le linn na bliana 2014, agus le comhaltaí an Bhoird as an gcomhairle agus as an treoir a chuireann siad ar fáil. Leanfaimid d'acmhainn agus d'inniúlacht a chur chun cinn as lámha a chéile, chomh maith le muinín a chothú as cáilíocht agus as sábháilteacht na seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta sa tír seo.

**Brian McEnery**
Cathaoirleach



# CLÁR NA NÁBHAR

**1 Maidir leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte 4**

1.1 Réamhrá 4
1.2 Ár Sainordú agus ár ngníomhaíochtaí 6
1.3 Ráiteas bunchuspóra agus treoirphrionsabail chorparáideacha 7

**2 Rialachas agus bainistíocht 9**

2.1 Ár mBord 9
2.2 Cruinnithe an Bhoird 12
2.3 Coistí an Bhoird 12
2.4 Struchtúr eagraíochtúil 13

**3 Cuspóirí straitéiseacha agus éachtaí 15**

3.1 Cuspóirí straitéiseacha 16
3.2 Achoimre ar éachtaí idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2014 17

**4 Gníomhaíochtaí de réir na Stiúrthóireachta 21**

4.1 Tuarascáil Oifig an Phríomhchigire (An Stiúrthóireacht Rialacháin) 21
4.2 An Stiúrthóireacht um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte 40
4.3 An Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Sláinte 51
4.4 An Stiúrthóireacht um Fheabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta 58
4.5 An Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Corparáideacha 64
4.6 An Stiúrthóireacht um Chumarsáid agus Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara 69
4.7 Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh 76

**5 Faisnéis airgeadais 79**

5.1 Ráitis airgeadais 79

**6 Aguisíní 81**

Aguisín 1: Gníomhaíochtaí agus tinreamh an Bhoird in 2014 81
Aguisín 2: Tuarascáil Bhliantúil ar Chúrsaí Rialachais agus Comhlíonta 83

# CAIBIDIL 1:
# MAIDIR LEIS AN ÚDARÁS UM FHAISNÉIS AGUS CÁILÍOCHT SLÁINTE

## 1.1 Réamhrá

Is é bunchuspóir an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (an tÚdarás nó HIQA) daoine a úsáideann seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta a chosaint, feabhsuithe inbhuanaithe a chur chun cinn, agus tacú le cinntí eolasacha maidir leis an gcaoi a seachadtar seirbhísí. Tá feidhmeanna uile an Údaráis dírithe ar fheabhsuithe leanúnacha a bhrú chun cinn ar shábháilteacht agus ar cháilíocht an chúraim agus na tacaíochta a sholáthraítear do dhaoine a úsáideann seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta.

Tá an t-ochtú Tuarascáil Bhliantúil seo de chuid an Údaráis á foilsiú tráth a bhfuil an tÚdarás ag fás le freastal ar na caighdeáin rialacháin nua a bheartaítear in *An tSláinte Amach Anseo: Creat Straitéiseach i gcomhair Athchóiriú na Seirbhíse Sláinte 2012-2015*, a d'fhoilsigh an tAire Sláinte i mí na Samhna 2012.

Ba í an bhliain 2014 an chéad bhliain iomlán den chóras nua rialála ar ionaid chónaithe do leanaí agus do dhaoine fásta faoi mhíchumas. Lean an tÚdarás de chomhairle a chur ar fáil maidir le próisis déanta cinntí agus de mheasúnú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí sláinte, idir nua agus reatha. Thugamar faoi chlár oibre freisin a raibh sé mar aidhm aige an Straitéis Ríomh-Shláinte don Chúram Sláinte in Éirinn a chur chun cinn, agus a leag béim ar an ríthábhacht a bhíonn ag baint leis an bhfaisnéis sláinte i dtaca le torthaí a fheabhsú d'othair. Leanamar de dheiseanna forbartha cáilíochta agus sábháilteachta a chur ar fáil a thacaíonn le seirbhísí a fheabhsú.

D'fhoilsigh an tÚdarás plean corparáideach 3 bliana in 2013, *Cúram Níos Sábháilte, Níos Fearr: Plean Corparáideach 2013-2015*. Is iad na cuspóirí a luaitear sa Phlean Corparáideach seo atá mar bhonn agus mar thaca ag an obair ar fad atá á déanamh againn. Leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo an chaoi ar chuireamar na cuspóirí seo, mar aon le cuspóirí ár bPlean Gnó, chun cinn i gcaitheamh 2014.

Léirítear sa Phlean Corparáideach croí-threoirphrionsabail an Údaráis .i. tús áite do dhaoine, cothrom na féinne, fócas ar shármhaitheas agus ar nuáil, agus oscailteacht agus cuntasacht. Tugtar ann freisin breac-chuntas ar na tosaíochtaí atá le baint amach chun cur ar ár gcumas ár gcuspóirí corparáideacha straitéiseacha a chomhlíonadh faoi dheireadh an phlean. Tá an Plean bunaithe ar phróiseas forleathan comhairliúcháin agus ar chomhthéacs na timpeallachta seachtraí ina ndéanaimid ár gcuid oibre. Tugtar gealltanas sa Phlean go n-oibreoidh an tÚdarás lenár bpáirtithe leasmhara ar bhealach comhoibríoch, cuiditheach. Tugtar gealltanas chomh maith go ndéanfar feidhmeanna nua a phleanáil mar is ceart, go gcuirfear go leor acmhainní i leataobh dóibh, agus go mbeidh siad éifeachtach ó thaobh costais de.

Eagraíocht a bhíonn ag foghlaim i gcónaí is ea an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte a cuireadh ar bun ocht mbliana ó shin le seirbhísí sláinte agus cúraim i bPoblacht na hÉireann a rialú agus chun feabhsuithe inbhuanaithe a bhrú chun cinn ar na seirbhísí sin. Foghlaimímid ó eagraíochtaí cosúla agus ó dhúshláin cúram sláinte a thagann chun solais i ndlínsí eile. Déanaimid ár seacht ndícheall a chinntiú nach dtarlaíonn teagmhais is údar imní, a thagann chun solais in áiteanna eile, san Údarás ná sa chóras cúraim sláinte agus shóisialta in Éirinn. Tá i gceist leis an bpróiseas foghlama seo chomh maith a áirithiú go mbíonn córais láidre i bhfeidhm ag an Údarás chun cur ar a chumas rioscaí a mheas ar na leibhéil áitiúla agus náisiúnta mar is cuí.

Ina theannta sin, déanaimid athbhreithniú ar an dea-chleachtas i ndlínsí eile agus déanaimid moltaí i dtaca le cur i bhfeidhm córas nua sa Chóras Sláinte in Éirinn. D'fhoilsíomar 6 phríomhmholadh i gcaitheamh 2014 maidir le bailiúcháin náisiúnta sonraí cúraim sláinte agus shóisialta. Foilsíodh athbhreithniú idirnáisiúnta ag an am céanna le *Moltaí le haghaidh Cur Chuige níos Comhtháite i leith Bailiúcháin Náisiúnta Sonraí Cúraim Sláinte agus Shóisialta in Éirinn* d’fhonn bonn fianaise a chur faoi na moltaí seo. Is cóir go mbeidh cur i bhfeidhm na moltaí seo ina chúis le bloghadh a laghdú, le dúbailt iarrachta a sheachaint agus le cur chuige níos comhsheasmhaí i leith cáilíocht sonraí a fheabhsú in Éirinn, rud a n-úsáidfear acmhainní ar bhealach níos fearr agus a mbainfear éifeachtúlachtaí méadaithe amach dá bharr.

Agus ár gcuspóirí i ndáil le sábháilteacht agus cáilíocht a fheabhsú á gcoinneáil i gcuimhne againn, leanaimid de phríobháideacht an othair a chinntiú agus muid ag cur éifeachtúlacht mhéadaithe sa chóras sláinte chun cinn. Chuir an tÚdarás a lámh le Meabhrán Tuisceana leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí in 2014, ina dtugtar breac-chuntas ar an gcaoi a n-oibreoimid le chéile lena chinntiú go ndéanfar sonraí cúraim sláinte agus shóisialta daoine a chosaint agus go n-úsáidfear i gceart iad.

Leanaimid de thuarascála a eisiúint go poiblí maidir le sábháilteacht, le cáilíocht agus le héifeachtacht seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta. Sa chaoi sin, cuireann an tÚdarás ar chumas an chórais chúram sláinte agus sóisialta an riosca a laghdú go ndéanfaí dochar do dhaoine a úsáideann na seirbhísí nó go n-imreofaí drochíde orthu. Cuirimid bonn eolais faoi bheartais sláinte agus faoi chinntí seirbhísbhunaithe ar infheistíochtaí agus ar dhí-infheistíochtaí. Roinnimid an taithí a fhaighimid ó ghníomhaíochtaí le cách ionas go ndéantar feabhas leanúnach ar phleanáil, ar bhainistiú agus ar sheachadadh seirbhísí.

## 1.2 Ár Sainordú agus ár ngníomhaíochtaí

Údarás neamhspleách is ea an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte a bunaíodh chun feabhsuithe leanúnacha a bhrú chun cinn i seirbhísí cúram pearsanta sláinte agus sóisialta in Éirinn, chun monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar cháilíocht na seirbhísí sin agus chun cúram a bheidh dírithe ar an duine a chur chun cinn ar mhaithe leis an bpobal. Tá feidhm ag sainordú an Údaráis ar cháilíocht agus ar shábháilteacht na n-earnálacha poiblí, príobháideacha (laistigh dár bhfeidhm cúraim shóisialta) agus deonacha. Tuairiscíonn an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte don Aire Sláinte agus don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Is iad seo a leanas ceithre chroífheidhm an Údaráis:



### Rialachán

Clárú na seirbhísí ainmnithe cúraim sláinte agus shóisialta, mar aon le maoirseacht agus mionscrúdú orthu, rudaí a chaithfear a dhéanamh de réir na riachtanas dlí is infheidhme.



### Tacú le feabhsuithe

Rud a bhainfear amach trí chaighdeán a leagan síos, trí threoir a chur ar fáil, agus tríd an acmhainn a thógáil trí thacú le feabhsuithe leanúnacha a chur i ngníomh agus le tionscnaimh feabhsaithe cáilíochta agus sábháilteacht othar a chur chun cinn.



### Measúnú ar theicneolaíochtaí na sláinte

Comhairle fhianaisebhunaithe a chur ar fáil d'fhonn bonn eolais a chur faoin bpróiseas forbartha beartas agus faoin bpróiseas seachadta seirbhísí.



### Torthaí a fheabhsú de bharr na faisnéise

Bailiú, úsáid agus comhroinnt na faisnéise sláinte ar bhealach éifeachtach, slán a chur chun cinn.

Oibrímid go dlúth le réimse leathan páirtithe éagsúla, scaipthe chun ár bhfeidhmeanna a chomhlíonadh. I measc na bpáirtithe seo tá daoine a úsáideann seirbhísí sláinte agus sóisialta; a gclann agus a gcairde; an pobal i gcoitinne; gairmithe cúraim sláinte agus shóisialta; soláthróirí sna hearnálacha poiblí, príobháideacha agus deonacha; an Roinn Sláinte agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige; agus comhpháirtithe tábhachtacha eile, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## Ár sainordú dlíthiúil

Leagtar amach na feidhmeanna reachtúla a chuireann bonn faoi shaothar an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte san Acht Sláinte, 2007, sna hAchtanna um Chúram Leanaí, 1991 agus 2001 (arna leasú), in Acht na Leanaí, 2001, san Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004 agus san Acht um Míchumas, 2005.

Cuirtear i láthair an Tuarascáil Bhliantúil seo, ina dtugtar brec-chuntas ar shaothar an Údaráis ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2014, de réir na gceanglas reachtúil a leagtar síos san Acht Sláinte, 2007 agus cuimsíonn sí socruithe an Údaráis i ndáil leis an gCód Rialachais do Chomhlachtaí Poiblí a chur i bhfeidhm agus a chomhlíonadh. Áirítear léi chomh maith Tuarascáil Bhliantúil Phríomhchigire na Seirbhísí Sóisialta agus an Tuarascáil Bhliantúil ar an Rialachas agus ar an gComhlíonadh de bhun an Achta Sláinte, 2007.

## 1.3 Ráiteas bunchuspóra agus treoirphrionsabail chorparáideacha

Is ann don Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte chun feabhsuithe inbhuanaithe a chur chun cinn, daoine a chosaint agus iad ag úsáid seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta, agus tacú le cinntí eolasacha maidir leis an gcaoi a seachadtar seirbhísí. Is de réir an bhunchuspóra seo a threoraítear agus a stiúrtar an tÚdarás. Tá na treoirphrionsabail chorparáideacha beartaithe chun a gcreidimid a bhfuil tábhachtach, an chaoi a n-oibrímid agus an tuairim atá súil againn a bheidh ag páirtithe leasmhara seachtracha fúinne a chur in iúl, chomh maith leis an éiteas agus leis an gcur chuige a spreagtar ár bhfoireann chun cloí leo. Is orthu atá cultúr na heagraíochta bunaithe. Luaitear ár gcúig threoirphrionsabal chorparáideacha anseo thíos agus léirítear i bhFigiúr 1 iad.




An tOllamh Jane Grimson, thar cheann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, agus an Coimisinéir Cosanta Sonraí Billy Hawkes ag síniú an Mheabhráin Tuisceana idir an tÚdarás agus an Coimisinéir Cosanta Sonraí.

- **Tús Áite do Dhaoine** – Tugaimid tús áite do riachtanais agus do ghuthanna na ndaoine a úsáideann agus a sholáthraíonn na seirbhísí i ngach a ndéanaimid.
- **Cothrom na Féinne** – déanaimid ár seacht ndícheall a bheith cothrom agus oibiachtúil agus muid ag plé le daoine agus le heagraíochtaí. Tugaimid faoinár gcuid oibre gan chamadh, gan chlaonadh.
- **Oscailte agus Cuntasach** – roinnimid faisnéis faoin gcineál oibre a dhéanaimid agus faoi na torthaí a bhainimid amach dá barr. Glacaimid lánfhreagracht as na bearta uile a dhéanaimid.
- **Sármhaitheas agus Nuáil** – déanfaimid gach iarracht sármhaitheas a bhaint amach inár gcuid oibre. Déanaimid ár ndícheall feabhsuithe leanúnacha a bhaint amach trí fhéinmheasúnú agus trí nuáil.
- **Obair le Chéile** – oibreoimid i gcomhar leis na daoine a sholáthraíonn na seirbhísí agus leo siúd a úsáideann iad agus na gnéithe uile dár gcuid oibre á bhforbairt againn.

**Figiúr 1:** Treoirphrionsabail chorparáideacha an Údaráis.



# CAIBIDIL 2:
# RIALACHAS AGUS BAINISTÍOCHT

## 2.1 Ár mBord

Is é an Bord comhlacht rialaithe an Údaráis agus cuireadh ar bun den chéad uair an 15 Bealtaine 2007 é. Tá ar an mBord cathaoirleach agus 11 stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin arna gceapadh ag an Aire. Tagann na comhaltaí boird ó réimse leathan gairmeacha beatha san earnáil cúraim sláinte agus shóisialta agus in earnáil na tionsclaíochta, agus is daoine iad a aithnítear a bhfuil saineolas acu in ábhair a bhaineann le feidhmeanna an Údaráis.

I measc chomhaltaí an Bhoird in 2014 bhí:



**Brian McEnery**
(Cathaoirleach)

Comhpháirtí in BDO, Cuntasóirí agus Comhairleoirí Gnó. Comhalta, Comhairle Dhomhanda ACCA.



**Philip Caffrey**

Iar-Stiúrthóir United Drug cpt agus Iar-Stiúrthóir Údarás Eitlíochta na hÉireann.



**Gráinne Tuke**

Dlíodóir, Deloitte.



### Sheila O'Malley

Iar-Phríomhoifigeach Altranais, an Roinn Sláinte. Iar-Uachtarán ar Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann.



### David Molony

Liachleachtóir ginearálta, comhalta de Choiste Liachleachtóirí Ginearálta Cheardchumann Dochtúirí na hÉireann, ionadaí do Chumann Náisiúnta na dTraenálaithe sa Chleachtadh Ginearálta, cathaoirleach ar Chumann na nOifigeach Míochaine Ráschúrsaí agus comhalta bunaidh de Chumann Cúraim Phríomhúil na hÉireann.



### Samuel J. McConkey

Ceannasaí Rannóg Sláinte Idirnáisiúnta agus Míochaine Trópaicí Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn. Tá sé i gceannas ar an tSeirbhís Galar Aicídeach, Cliniciúil agus Míochaine Trópaicí in Ospidéal Beaumont freisin.



### Cillian Twomey

Geiriatraí Comhairleach ar Scor; Iar-Chomhalta agus Iar-Chathaoirleach ar Bhord Ospidéal agus Ospís Chnoc Mhuire (Meán Fómhair 2008 - Meán Fómhair 2014).



### Una Geary

Comhairleach sa Leigheas Éigeandála in Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath. Léachtóir oinigh i Scoil na Míochaine, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



### Anne Carrigy

Iar-Cheannaire ar Sheirbhísí Ospidéil Ghéarmhíochaine FSS. Iar-Uachtarán ar Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann.



## Mo Flynn*

Príomhoifigeach feidhmiúcháin Ospís agus Seirbhísí Cúraim Mhuire i mBaile Átha Cliath. Iar-Bhainisteoir Náisiúnta ar Rannóg Daoine Scothaosta FSS. Comhalta de Bhord Chumann na gCúramóirí agus de Bhord Institiúid Uile-Éireann an Chúraim Ospíse agus Mhaolaithigh.



## Linda O'Shea Farren*

Dlíodóir. Seanadóir de chuid Ollscoil na hÉireann agus Gobharnóir de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh.



## Darragh O'Loughlin*

Ard-Rúnaí Aontas Cógaisíochta na hÉireann.



## Bairbre O'Neill**

Abhcóide, ag cleachtadh sa dlíthíocht shibhialta, le béim ar leith ar an dlíthíocht tráchtála agus ar an athbhreithniú breithiúnach.



## Mary Fennessy**

Ceannasaí na Rannóige Oibre Sóisialta i Seirbhís Meabhairshláinte Lucena do Leanaí agus d'Ógánaigh. Iar-Choimisinéir ar an gCoiste-Choimisiún Rúnda um Mí-Úsáid Leanaí a Fhiosrú agus bhí sí páirteach freisin i dTuarascáil Ryan.



## Judith Foley**

Príomhoifigeach Gníomhach Oideachais i Rannóg Oideachais Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann.

---

*** D'éirigh an té seo as an mBord i mí Feabhra 2014**

**** Chuaigh an té seo isteach sa Bhord i mí Aibreáin 2014.**

Tá an Bord freagrach as rialú cuí an Údaráis. Cinntíonn sé go mbíonn córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh, comhlíonta reachtúil agus oibríochtúil, agus bainistíochta riosca ag an Údarás.
Tugann siad seo na gnéithe riachtanacha den rialachas éifeachtach corparáideach agus den chomhlíonadh éifeachtach.

## 2.2 Cruinnithe an Bhoird

Éilítear ar an mBord leis an Acht Sláinte 2007 teacht le chéile sé huaire in aghaidh na bliana. Tionóladh ocht gcruinniú boird sa bhreis i gcaitheamh 2014 chun críocha ábhair shuntasacha éagsúla a chur chun cinn (féach Aguisín 1 le haghaidh dhátaí na gcruinnithe seo agus thinreamh na gComhaltaí Boird).

## 2.3 Coistí an Bhoird

Tugann ceithre fhochoiste boird, a leagtar cúraimí ar leith orthu, tacaíocht don Bhord le rialú an Údaráis:

### An Coiste Rialachais Cúraim Sláinte agus Shóisialta

Tacaíonn an coiste seo le maoirseacht an Bhoird ar éifeachtacht sheachadadh fheidhmeanna cúraim sláinte agus shóisialta an Údaráis agus ar na rialúcháin a bhaineann le seachadadh na bhfeidhmeanna sin.

### An Coiste Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochtaí

Tacaíonn an coiste seo leis an mBord le rialú fheidhmeanna an Údaráis i leith measúnacht a dhéanamh ar theicneolaíochtaí faisnéise agus sláinte.

### An Coiste Iniúchta agus Rialachais Chorparáidigh

Tacaíonn an seo leis an mBord trí mhonatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh fheidhmeanna reachtúla an Údaráis agus ar éifeachtacht na socruithe rialachais chorparáidigh, bainistíochta airgeadais, soláthair, bainistíochta riosca agus iniúchta inmheánaigh.

### An Coiste Luach Saothair agus Ainmniúchán

Tacaíonn an coiste seo leis an mBord trí mhonatóireacht a dhéanamh ar riachtanais eagraíochtúla agus ar fhorbairt bhainistiúil an Údaráis.

## 2.4 Struchtúr eagraíochtúil

Léiríonn struchtúr eagraíochtúil an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte a chroífheidhmeanna agus a chroíghníomhaíochtaí .i. Rialachán, Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte, Faisnéis agus Sábháilteacht Sláinte agus Feabhsú Cáilíochta, chomh maith leis na seirbhísí tacaíochta a chuireann ar ár gcumas ár gcuspóirí corparáideacha a chomhlíonadh. I measc na seirbhísí tacaíochta sin tá an Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Corparáideacha, an Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Dlí agus Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh. Is í an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin atá i gceannas ar an eagraíocht, dream lena dtacaíonn bainisteoirí sinsearacha atá freagrach as na croífheidhmeanna gnó.

I measc bhaill Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin an Údaráis i mí na Nollaig 2014 bhí:



**Phelim Quinn**

An Príomhfheidhmeannach agus Príomhchigire na Seirbhísí Sóisialta.



**An Dr. Máirín Ryan**

Stiúrthóir na Stiúrthóireachta um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte agus an Leas-Phríomhfheidhmeannach Gníomhach.



**Mary Dunnion**

Stiúrthóir Gníomhach na Stiúrthóireachta Rialacháin.



**Rachel Flynn**

Stiúrthóir Gníomhach na Stiúrthóireachta um Fhaisnéis Sláinte.



**Marie Kehoe-O'Sullivan**

Stiúrthóir na Stiúrthóireachta um Fheabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta.



**Seán Angland**

Ceannasaí na Stiúrthóireachta um Sheirbhísí Corparáideacha.

Tugtar breac-chuntas i dTábla 1 ar an gcaoi a gcomhlíonaimid ár bpríomhghnó.

## Tábla 1: Feidhm gach Stiúrthóireachta

| | |
|---|---|
| **An Stiúrthóireacht Rialacháin**<br>Clárú na seirbhísí ainmnithe cúraim sláinte agus shóisialta, mar aon le maoirseacht agus mionscrúdú orthu, de réir na riachtanas dlí is infheidhme. Leanfaimid dár gcur chuige i leith an rialacháin a fhorbairt de réir beartais rialtais mar a thagann siad chun cinn, i gcomhthéacs deacair ó thaobh an airgid de agus de réir na bprionsabal dea-rialacháin a bhfuil glacadh leo ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. | **An Stiúrthóireacht um Fheabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta**<br>Tacú go gníomhach le cultúr feabhsaithe sábháilteachta agus cáilíochta ar fud an chórais cúraim sláinte agus shóisialta agus laistigh de agus an cultúr sin a éascú; cabhrú le hacmhainn agus le hinniúlacht a thógáil i measc na ndaoine a chuireann na seirbhísí ar fáil; caighdeáin agus treoir náisiúnta a fhorbairt i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus modheolaíochtaí agus uirlisí feabhsaithe cáilíochta a sholáthar; scéimeanna a reáchtáil a bhfuil sé mar aidhm acu sábháilteacht agus cáilíocht a áirithiú i soláthar seirbhísí. |
| **An Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Sláinte**<br>Sainaithint a dhéanamh ar uireasaí faisnéise sláinte agus comhairle a thabhairt maidir leo; creat rialaithe faisnéise a bhunú agus caighdeáin a shocrú le haghaidh na faisnéise sláinte agus na gcóras faisnéise sláinte; agus measúnú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí sláinte agus sóisialta agus faisnéis a chur ar fáil fúthu. | **An Stiúrthóireacht um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte**<br>Bonn eolais a chur faoin bpróiseas déanta cinntí náisiúnta ar an úsáid acmhainní inár seirbhísí sláinte, trí mheasúnú a dhéanamh (agus trí thacú leis an bpróiseas measúnaithe) ar éifeachtacht chliniciúil agus ar chost-éifeachtúlacht teicneolaíochtaí sláinte d'fhonn na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach don othar. |

# CAIBIDIL 3:
# CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA AGUS ÉACHTAÍ

## 3.1 Cuspóirí straitéiseacha

Tá cúraimí úra, amhail feidhmeanna rialála, leagtha ar an Údarás ag an Rialtas le déanaí, rud a chiallaíonn go bhfuil ár ról ag dul i méid. D'fhoilsíomar Plean Corparáideach 3 bliana in 2013, ina leagtar amach cuspóirí an Údaráis don tréimhse 2013-2015.
Leagtar amach sa Phlean Corparáideach chomh maith an creat agus na cuspóirí a chuireann ar ár gcumas dualgais, idir dhualgais a bhí orainn cheana agus dhualgais nua, a chomhlíonadh.

Tá ár bPlean Corparáideach leagtha amach ar bhealach a chuireann san áireamh na torthaí is mian lian a bhaint amach; ár gcroíghníomhaíochtaí; ár gcuspóirí straitéiseacha agus na príomhnithe a chuirfidh ar ár gcumas an Plean a sheachadadh. Tá an tÚdarás tar éis sainaithint a dhéanamh ar cheithre thoradh a chaithfimid a bhaint amach chun ár mbunchuspóir a chomhlíonadh. Is iad sin:

### CÚRAM ARNA FHEABHSÚ

Éascaímid feabhsuithe inbhuanaithe ar shábháilteacht agus ar cháilíocht na seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta.

### DAOINE ARNA gCOSAINT

Gníomhaímid chun an riosca a laghdú go ndéanfaí dochar do dhaoine a úsáideann seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta nó go n-imreofaí drochíde orthu.

### DAOINE ARNA gCOINNEÁIL AR AN EOLAS

Tuairiscímid go poiblí ar shábháilteacht, ar cháilíocht agus ar éifeachtacht seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta.

### BONN EOLAIS ARNA CHUR FAOI CHINNTÍ BEARTAIS AGUS SEIRBHÍSE

Cuirimid bonn eolais faoin bpróiseas forbartha beartas agus faoin gcaoi a ndéantar seirbhísí a sheachadadh.

Is í ár dtosaíocht feidhmeanna nua a chomhlíonadh ar bhonn éifeachtúil, éifeachtach ach tús áite a thabhairt do na réimsí sin is mó ar gá le seirbhísí feabhsaithe iontu.
Treoraíonn an Plean Corparáideach comhtháthú na bhfeidhmeanna úra, ach cinntíonn sé ag an am céanna go bhfuil a dtabhairt isteach dea-phleanáilte agus éifeachtach ó thaobh an chostais de. Léirítear sa Phlean ár bhfeasacht ar staid gheilleagrach na tíre agus ar na riachtanais éifeachtúlachta a eascraíonn aisti.

Leagtar amach i *bPlean Gnó an Údaráis, 2014* na spriocanna ar ghlacamar leo agus a bhaineamar amach mar a oibrímid i dtreo ár gcuspóirí straitéiseacha meántéarmacha a chomhlíonadh.
Déantar achoimre ar na cuspóirí straitéiseacha anseo thíos agus leagtar amach sna hAguisíní iad chomh maith.

**An Rialachán:**

- cláir rialála seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta a reáchtáil ionas go gcuirfear brú ar na seirbhísí sin feabhsú go leanúnach, rud a bheidh ina chúis le daoine a chosaint ar bhealach níos fearr agus le torthaí feabhsaithe a bhaint amach d'úsáideoirí na seirbhísí.
- Dualgais rialála a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil agus a chinntiú go gcuirfear na páirtithe leasmhara bainteacha uile ar an eolas faoi thorthaí agus faoi na hiarmhairtí a bheidh ag na torthaí sin ar chúrsaí beartais.

**Tacú le feabhsuithe:**

- Treoir agus caighdeáin a fhorbairt a bheidh dírithe ar an duine.
- Acmhainn a fhorbairt agus tacú le cur i bhfeidhm feabhsuithe inbhuanaithe.
- An taithí a fhaightear de dhroim gníomhaíochtaí i ndáil le feabhsú chultúr na sábháilteachta othar a chomhroinnt.

**An Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte:**

- Measúnachtaí Teicneolaíocht Sláinte a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtúla is féidir.
- Bearta a dhéanamh chun a chinntiú go gcuirfear a leithéid de mheasúnachtaí san áireamh sa bheartas náisiúnta agus sa phróiseas déanta cinntí maidir le seirbhísí.

**An Fhaisnéis Sláinte:**

- Caighdeáin a shocrú chun tacú leis an Ríomh-Shláinte.
- Úsáid na faisnéise a chur chun cinn agus a chumasú i dtaca le seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta a phleanáil, a bhainistiú agus a sheachadadh.

## 3.2 Achoimre ar éachtaí idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2014

- Ba í an bhliain 2014 an chéad bhliain iomlán den chóras nua rialála ar ionaid ainmnithe do leanaí agus do dhaoine fásta faoi mhíchumas. Rinneamar 603 iniúchadh ar 462 ionad ainmnithe.
- Leanamar dár gclár rialála ar ionaid ainmnithe do dhaoine breacaosta agus do dhaoine spleácha. Rinneamar 762 iniúchadh ar 549 ionad ainmnithe do dhaoine breacaosta in 2014. Ciallaíonn sé seo go ndearnadh iniúchadh amháin ar a laghad ar 97% de na hionaid chláraithe.
- D'fhoilsíomar ár gcéad tuarascáil bhliantúil foramhairc ar rialáil ionad ainmnithe do dhaoine breacaosta, ina ndearnadh sainaithint ar 8,697 feabhas atá ag teastáil ar fud na hearnála.
- D'fhoilsíomar *an tAthbhreithniú ar sheirbhísí cúraim éigeandála réamhospidéil chun a chinntiú go ndéantar othair atá tinn go géar a mheasúnú, a dhiagnóisiú agus a bhainistiú go cliniciúil mar is ceart agus go n-iompraítear chuig saoráid oiriúnach cúraim sláinte iad*. Leagtar amach sa tuarascáil toradh ár n-athbhreithnithe, mar aon le 12 mholadh ar leith atá dírithe ar fheabhas a bhaint amach agus a chreidimid a chuirfidh le sábháilteacht agus le cáilíocht na seirbhísí cúraim éigeandála réamhospidéil a chuireann idir Sheirbhís Náisiúnta Otharcharranna FSS agus Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath ar fáil.
- D'fhoilsíomar *an Tuarascáil ar an athbhreithniú ar na socruithe rialála atá léirithe i sábháilteacht, i gcáilíocht agus i gcaighdeáin na seirbhísí ag Ospidéil Ollscoil Luimnigh*. Tá an t-athbhreithniú rialála ina chuid de chlár oibre réamhghníomhaí an Údaráis, rud a bhfuil sé mar aidhm aige cáilíocht agus sábháilteacht seirbhísí a chinntiú de réir *na gCaighdeán Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte, Níos Fearr*. Bhí an t-athbhreithniú dírithe ar rioscaí a ndearna an tÚdarás sainaithint orthu agus é ag déanamh plé leis an ngrúpa ospidéal. Déantar sainaithint sa tuarascáil ar roinnt beart ar leith ar gá d'Ospidéil Ollscoil Luimnigh ardtosaíocht a thabhairt dóibh. Tosaíochtaí is ea iad seo a mbeidh tacaíocht ó FSS ag teastáil ina leith ar bhonn náisiúnta chomh maith.
- Rinneamar iniúchadh neamhfhógartha ar 52 ospidéal géarmhíochaine phoiblí mar chuid den chlár monatóireachta atá ar bun againn de réir *na gCaighdeán Náisiúnta um Chosc agus Rialú Ionfhabhtuithe atá Bainteach leis an gCúram Sláinte*.

- D’fhoilsíomar *Moltaí le haghaidh Cur Chuige níos Comhtháite i leith Bailiúcháin Náisiúnta Sonraí Cúraim Sláinte agus Shóisialta in Éirinn*, ina ndearnadh 6 mholadh d’fhonn bailiúcháin náisiúnta sonraí cúraim sláinte agus shóisialta a fheabhsú. D'fhoilsíomar leagan chun dáta de Chatalóg na mBailiúchán Náisiúnta Sonraí Cúraim Sláinte agus Shóisialta i mí an Mhárta freisin.
- D’fhoilsíomar dréachtchaighdeáin lena mbreathnú ag an bpobal, lenar áiríodh:
  - *Na Dréacht-Chaighdeáin Náisiúnta um Aonaid Sainchúraim*
  - *Na Dréacht-Chaighdeáin Cáilíochta Náisiúnta um Shocruithe Cúraim Chónaithe do Dhaoine Breacaosta in Éirinn*
- Thugamar dhá chur i láthair do Chomhchoiste an Oireachtais ar Shláinte agus Leanaí maidir le saothar an Údaráis.
- D’fhoilsíomar na measúnachtaí teicneolaíochta sláinte seo a leanas:
  - *An Mheasúnacht Teicneolaíochta Sláinte ar Chlár Dífhibrileoirí Rochtana Poiblí*.
  - *Sraith Measúnachtaí Teicneolaíocht Sláinte ar Thairseacha Cliniciúla/Atreoraithe i ndáil le Gnáthaimh Sceidealaithe Roghnaithe*.
- Leanamar dár dtreoirlínte náisiúnta MTS a fhorbairt. Bhí i gceist leis seo foilsiú na dtreoirlínte náisiúnta ar an rannpháirteachas le páirtithe leasmhara sa phróiseas MTS agus na dtreoirlínte náisiúnta ar ábhar a bhaineann leis an measúnacht eacnamaíochta a fháil agus léirmhíniú. Foilsíodh leaganacha chun dáta de na treoirlínte náisiúnta a bhí ann cheana ar an measúnacht eacnamaíochta, ar an measúnacht tionchair buiséid, agus ar an éifeachtacht chliniciúil a mheas le linn 2014 chomh maith.
- Rinneadh iniúchtaí ar gach cineál seirbhíse cónaithe do leanaí agus cuireadh tuarascálacha i dtoll a chéile de réir na gcaighdeán náisiúnta um an altramas agus um chosaint agus leas leanaí. Thug ár bhFoireann Leanaí tús áite d’iniúchadh a dhéanamh ar ionaid ainmnithe do leanaí faoi mhíchumas agus dá gclárú, agus rinneadh 75 iniúchadh ar sheirbhísí dá leithéid in 2014. Rinne cigirí dár gcuid 80 píosa faisnéise a mheas agus thug siad freagraí orthu. Rinne siad amhlaidh i gcás fógraí a fuarthas faoi theagmhais ardriosca a tharla in ionaid ainmnithe do leanaí faoi mhíchumas.

- D'fhoilsíomar *Prionsabail an Dea-chleachtais sa Réiteach Cógas*.
- D'fhoilsíomar Athbhreithniú idirnáisiúnta ar úsáid na faisnéise le haghaidh rialáil an chúraim sláinte agus shóisialta. Cuireadh faoi chaibidil san athbhreithniú idirnáisiúnta seo an chaoi a n-úsáideann rialtóirí agus gníomhaireachtaí eile san earnáil cúraim sláinte agus shóisialta faisnéis in 8 ndlínse éagsúla.
- D'fhoilsíomar leagan chun dáta de *Chaighdeán Cleachtaidh Ghinearálta an Údaráis um Chur Teachtaireachtaí*.
- D'fhoilsíomar ár *Moltaí i ndáil le glacadh le Téarmaí Cliniciúla SNOMED mar an Téarmaíocht Chliniciúil d'Éirinn*.
  Beart is ea é seo a éascóidh tabhairt isteach na Ríomh-Shláinte agus taifead leictreonach sláinte.
- D'fhoilsíomar 6 cháipéis treorach d'ionaid ainmnithe le cabhrú leo rialúcháin a chomhlíonadh agus caighdeáin a chur i bhfeidhm. Is iad seo a leanas na cáipéisí sin:
  - Comhairle do Sholáthróirí Cláraithe maidir leis na Rialúcháin faoin Acht Sláinte, 2007 (Cúram agus Leas Cónaitheoirí in Ionaid Ainmnithe do Dhaoine Breacaosta), 2013
  - Treoir do Sholáthróirí Cláraithe maidir leis na Rialúcháin faoin Acht Sláinte, 2007 (Cúram agus Leas Cónaitheoirí in Ionaid Ainmnithe do Dhaoine Breacaosta), 2013
  - Fógraí Reachtúla: Treoir do Sholáthróirí Cláraithe agus do Dhaoine i gCeannas
  - Treoir maidir le Clárúchán agus le Clárúchán a Athnuachan
  - Treoir d'Ionaid Ainmnithe: Beartas Forfheidhmithe
  - Treoir maidir leis an gCúram Réamhbháis
  - Treoir maidir le Cúrsaí Bia agus Cothúcháin.
- Bronnadh gradam 'ardmholta' ar Cheannoifig an Údaráis agus ar Oifig Réigiúnach an Údaráis i Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath, i ngradaim réigiúnacha 'Optimising Power @ Work' de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí. D'fheabhsaigh an tÚdarás a fheidhmíocht ó thaobh fuinnimh de in 2014 tríd an méid fuinnimh a d'ídigh sé a laghdú 48.9% i gcomparáid leis an mbliain 2010.

# 4

# Gníomhaíochtaí de réir na Stiúrthóireachta Fíricí agus Fócas

**762**

LÍON NA dTITHE ALTRANAIS A nDEARNADH INIÚCHADH ORTHU LE LINN 2014

**603**

LÍON NA nIONAD AINMNITHE DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS A nDEARNADH INIÚCHADH ORTHU LE LINN NA CHÉAD BHLIANA DEN CHÓRAS NUA RIALÁLA

**52**

**INIÚCHADH NEAMHFHÓGARTHA AR** OSPIDÉIL GHÉARMHÍOCHAINE PHOIBLÍ IN 2014

**75**

INIÚCHADH AR IONAID AINMNITHE DO LEANAÍ FAOI MHÍCHUMAS

# **CAIBIDIL 4:** GNÍOMHAÍOCHTAÍ DE RÉIR NA STIÚRTHÓIREACHTA

Déantar achoimre sa chaibidil seo den Tuarascáil Bhliantúil ar an obair a rinne foirne na Stiúrthóireachtaí éagsúla in 2014 leis na cuspóirí straitéiseacha a leagtar amach in *Plean Corparáideach an Údaráis, 2013 - 2015* a chur chun cinn. Leagtar amach na cuspóirí straitéiseacha ar leith atá ag gach aon Stiúrthóireacht sna codanna éagsúla den chaibidil seo.

## 4.1 Tuarascáil Oifig Phríomhchigire na Seirbhísí Sóisialta (An Stiúrthóireacht Rialacháin)

### 4.1.1 Cúlra

Tá Stiúrthóireacht Rialacháin an Údaráis freagrach as cáilíocht agus as sábháilteacht seirbhísí sonraithe cúraim sláinte agus shóisialta do dhaoine fásta agus do leanaí a rialáil agus a scrúdú ar fud fad na hÉireann. Cuimsíonn an Stiúrthóireacht oifig agus ról an Phríomhchigire Seirbhísí Sóisialta (an Chigireacht Seirbhísí Sóisialta roimhe seo). Is ionann an chuid seo den tuarascáil agus Tuarascáil Phríomhchigire na Seirbhísí Sóisialta, rud a éilítear orainn a chur le chéile de réir Alt 37 den Acht Sláinte. Feidhmíonn an Stiúrthóireacht in dhá réimse ar leith:

1. **Rialáil seirbhísí cúraim shóisialta do dhaoine fásta**.

   Clárú ionad ainmnithe do dhaoine breacaosta agus spleácha agus ionad do dhaoine fásta faoi mhíchumas, mar aon le hiniúchtaí a dhéanamh orthu, de réir fhorálacha an Achta Sláinte, 2007.

2. **Rialáil seirbhísí cúraim sláinte agus seirbhísí do leanaí agus mionscrúdú orthu.**

   Monatóireacht a dhéanamh ar sheirbhísí sláinte agus ar sheirbhísí do leanaí de réir na gcaighdeán is bainteach, clárú ionad ainmnithe do leanaí faoi mhíchumas, mar aon le hiniúchtaí a dhéanamh orthu, de réir fhorálacha an Achta Sláinte, 2007, iniúchtaí a dhéanamh ar sheirbhísí cónaithe do leanaí de réir an Achta um Chúram Leanaí, 1991 agus iniúchtaí a dhéanamh ar scoileanna coinneála de réir Acht na Leanaí, 2001.


Comhlíonaimid ár gcuspóirí straitéiseacha chomh maith trí na gníomhaíochtaí rialála a dtugaimid fúthu lena chinntiú go ndéantar an cúram a fheabhsú, go ndéantar daoine a chosaint, go gcoinnítear daoine ar an eolas agus go n-imrímid tionchar ar an gcaoi a ndéantar cinntí ar bheartais agus ar sheirbhísí.

### 4.1.2 Rialáil seirbhísí cúraim do dhaoine fásta

#### Ionaid ainmnithe do dhaoine breacaosta

Amhail ar an 31 Nollaig 2014 bhí 565 ionad ainmnithe cláraithe do dhaoine breacaosta, a bhí ag soláthar 28,705 leaba chláraithe san earnáil seo. In 2014 deonaíodh athnuachan clárúcháin do 203 soláthróir ionad ainmnithe do dhaoine breacaosta agus do dhaoine spleácha. Fuarthas 35 iarratas ar choinníoll a athrú nó a bhaint in 2014, a bhain le clárúcháin a deonaíodh cheana.

**Figiúr 2:** Líon agus céatadán na n-ionad ainmnithe cláraithe do dhaoine breacaosta (de réir chineál an tsoláthróra) amhail ar an 31 Nollaig 2014.





Rinneamar 762 iniúchadh ar 549 ionad ainmnithe do dhaoine breacaosta in 2014. Ciallaíonn sé seo go ndearnadh iniúchadh amháin ar a laghad ar 97% de na hionaid chláraithe. Pleanáiltear iniúchtaí, idir fhógartha agus neamhfhógartha, mar chuid dár sceideal bliantúil monatóireachta agus athnuachana clárúchán.

Is neamhfhógartha a bhí 58% de líon iomlán na n-iniúchtaí a rinneadh ar ionaid do dhaoine breacaosta sa bhliain 2014. Agus ár gclár iniúchtaí á fhorbairt agus á chur i bhfeidhm againn, déanaimid deimhin de go ndéantar measúnacht leanúnach ar rioscaí laistigh d'ionaid bunaithe ar an taithí atá againn ar na hionaid agus ar an bhfaisnéis a fhaighimid ó fhoinsí éagsúla faoi cháilíocht, faoi shábháilteacht, agus faoi eispéireas na gcónaitheoirí. Bhain formhór na n-iniúchtaí fógartha leis an gclár athnuachana clárúchán. Cé go dtuigimid go maith go gcreideann an pobal i gcoitinne gur fearr iniúchtaí neamhfhógartha, baintear feidhm as iniúchtaí fógartha d'fhonn deis a thabhairt do na cónaitheoirí agus dá muintir páirt a ghlacadh sa phróiseas trí na huaireanta a bheimid i láthair sa tseirbhís a chur in iúl dóibh roimh ré.

**Míniú ar na cúig chineál iniúchta éagsúla:**

- **Iniúchtaí Iomlána '18 dToradh'**, ina ndéantar iniúchadh ar cibé acu atá nó nach bhfuil ionad ag comhlíonadh na gcaighdeán agus na rialachán uile. Is iondúil a dhéantar an cineál iniúchta seo le bonn eolais a chur faoi chinneadh nuair atá ionad ag clárú den chéad uair nó nuair atá clárúchán á athnuachan.
- **Iniúchtaí Monatóireachta**, ina ndéantar monatóireacht ar chomhlíonadh leanúnach na gcaighdeán agus na rialachán. Cuirtear faoi chaibidil líon áirithe de na réimsí toraidh i rith iniúchtaí den sórt seo, ach ní dhéantar plé leis na 18 dtoradh ar fad.
- **Athiniúchtaí**, ina ndéantar measúnú iar-iniúchta ar cibé acu atá nó nach bhfuil an soláthróir tar éis na bearta riachtanacha a dhéanamh.
- **Iniúchtaí maidir le saincheist amháin/saincheist ar leith**, a bhíonn bunaithe ar fhógra a fuarthas nó ar fhaisnéis a tháinig chun solais.
- **Iniúchtaí téamacha**, a bhíonn dírithe ar an gcúram réamhbháis agus ar chúrsaí bia agus cothúcháin.


**Figiúr 3:** Líon agus cineál na n-iniúchtaí a rinneadh idir an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2014.




Léirítear i bhFigiúr 4 anseo thíos líon na gcuairteanna iniúchta a tugadh ar ionaid ainmnithe, mar aon leis an gcéatadán de na hionaid ar tugadh cuairt orthu. Mar a cuireadh in iúl, cuireann an cur chuige sofhreagrach atá againn i leith na rialála ar ár gcumas ár n-acmhainní iniúchóireachta a dhíriú ar na hionaid is lú comhlíonadh, nó ar an hionaid a bhfuil sainaithint déanta ar riosca féideartha iontu.

As na 549 ionad cláraithe a ndearnadh iniúchadh monatóireachta nó clárúcháin orthu i gcaitheamh 2014, rinneadh aon iniúchadh amháin ar 71.58% díobh, rinneadh dhá iniúchadh ar 21.13%, agus rinneadh trí iniúchadh nó ní ba mhó ná sin ar an 7.29% eile.

**Figiúr 4:** Líon na gcuairteanna a tugadh ar ionaid idir an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2014.





### An Clár Iniúchtaí Téamacha agus Monatóireachta

Thugamar isteach iniúchtaí bunaithe ar théamaí ar leith le feabhas a spreagadh agus a éascú laistigh de sheirbhísí cónaithe do dhaoine breacaosta. Lean an clár ar aghaidh ag díriú ar an gcúram réamhbháis agus ar chúrsaí bia agus cothúcháin dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu i dtithe altranais.

Rinneamar monatóireacht ar 484 ionad trí éileamh ar na soláthróirí foirm fhéinmheasúnaithe a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chugainn. Rinneadh iniúchadh téamach ar 197 ionad ainmnithe leis an bhfaisnéis fhéinmheasúnaithe a dheimhniú.

D'fhoilsigh an tÚdarás treoir le feabhsú cáilíochta a éascú, ina ndearnadh sainaithint ar na gnéithe ríthábhachtacha a bhíonn ag teastáil le cúram slán sábháilte ar ardchaighdeán a chur ar fáil. D'eagraíomar seimineáir do bhreis is 900 soláthróir agus duine i gceannas sular tugadh an clár isteach.

**Figiúr 5:** Ionaid, de réir earnála, ar tugadh cuairt orthu le linn an chláir iniúchtaí téamacha.




Is de bharr go ndearnadh iniúchadh ar na hionaid seo go raibh deis againn breathnú ar aon saincheist nó ar aon riosca a ndearnadh sainaithint orthu a bhain le caighdeáin nó le rialacháin eile. Foilseofar tuairisc ar thorthaí na n-iniúchtaí téamacha agus ar an obair ar fad atá déanta againn i ndáil leis na seirbhísí cúraim shóisialta do dhaoine fásta mar chuid de thuarascáil fhorbhreathnaithe in 2015.


### Faisnéis a fhaightear

Bíonn tábhacht ollmhór ag baint le faisnéis ar cháilíocht, ar shábháilteacht agus ar eispéireas na gcónaitheoirí chun seirbhísí a rialáil. Faighimid faisnéis ó réimse foinsí le hanailís agus le measúnú riosca a dhéanamh uirthi. I measc na bhfoinsí seo tá fógraí ó sholáthróirí, arna leagan síos i rialúcháin, maidir le teagmhais áirithe a thiteann amach in ionaid ainmnithe. Faighimid roinnt buarthaí freisin ó dhaoine, idir chónaitheoirí, dhaoine muinteartha, bhaill foirne, thacadóirí, agus thríú páirtithe, a bhfuil baint dhíreach acu le cónaitheoir nó le cónaitheoirí. Baintear úsáid as gach faisnéis le bonn eolais a chur faoin measúnú a dhéanaimid ar chomhlíonadh agus ar rioscaí laistigh de sheirbhísí, rud a chuireann bonn eolais faoinár gclár iniúchtaí agus monatóireachta dá réir sin.

Fuaireamar 10,000 fógra rialála le linn 2014, lena n-áirítear 5,470 fógra ar chuir siad an tÚdarás ar an eolas faoi rioscaí féideartha do shláinte, do shábháilteacht nó do leas cónaitheoirí.

Tuairiscíodh 609 buairt i dtaca le daoine breacaosta agus 203 buairt i dtaca le daoine faoi mhíchumas.

**Figiúr 6:** Líon agus cineál na mbuarthaí a bhain le daoine breacaosta a fuarthas i gcaitheamh 2014.





| | Iomlán |
|---|---|
| Riachtanais cúraim sláinte agus shóisialta | 150 |
| Eile | 138 |
| Cosaint agus Sábháilteacht | 94 |
| Soláthar feiliúnach foirne | 72 |
| Bainistíocht riosca sláinte ⁊ sábháilteachta | 64 |
| Rialachas agus bainistíocht | 26 |
| Cearta agus dínit cónaitheoirí | 24 |
| Conarthaí i leith soláthar seirbhísí | 24 |
| Áitribh atá slán, oiriúnach | 17 |

### 4.1.3 Rialáil ionad do dhaoine (idir leanaí agus dhaoine fásta) faoi mhíchumas

Chuir an tAire Sláinte a lámh leis an ordú tosaithe feidhme i ndáil le rialáil ionad ainmnithe do leanaí agus do dhaoine fásta faoi mhíchumas ar an 1 Samhain 2013. Chuireamar tús le clárú na seirbhísí seo agus le hiniúchtaí a dhéanamh orthu dá éis sin agus ba í an bhliain 2014 an chéad bhliain iomlán den chóras nua rialála.

B'ann do 88 soláthróir ionad ainmnithe do dhaoine (idir leanaí agus dhaoine fásta) faoi mhíchumas amhail ar an 31 Nollaig 2014. B'ann do 920* ionad, ina raibh 1,362 aonad chónaithe.

**Figiúr 7:** Líon agus céatadán na n-ionad ainmnithe gníomhach do dhaoine (idir leanaí agus dhaoine fásta) faoi mhíchumas (de réir chineál an ionaid), amhail ar an 31 Nollaig 2014





De bhun an Achta Sláinte, 2007, tugadh tréimhse shonraithe ama do sholáthróirí seirbhíse (go dtí an 30 Aibreán 2014) leis na hionaid ainmnithe a bhí á bhfeidhmiú acu a chur in iúl don Údarás. Chuireamar tús lenár n-iniúchtaí monatóireachta ag an am céanna. Leanaimid ar aghaidh ag dul i dteagmháil le soláthróirí d'fhonn tacú leis an tuiscint agus leis an gcur amach atá acu ar a ndualgais dhlíthiúla atá orthu ó thaobh clárú de. Rinneadh 603 iniúchadh faoi dheireadh na bliana 2014.

Bhí 49 ionad cláraithe faoi dheireadh 2014 agus bhí toradh beartaithe a n-iarratas clárúcháin curtha in iúl do 28 soláthróir.

* Léiríonn an figiúr seo líon iomlán na n-ionad ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas. Tá an tAonad Cúraim Shóisialta do Dhaoine Fásta sa Stiúrthóireacht freagrach as rialáil seirbhísí do dhaoine fásta, agus seirbhísí measctha do leanaí agus do dhaoine fásta araon. Is ann do 854 ionad den sórt seo.


**Figiúr 8:** Líon agus cineál na n-iniúchtaí a rinneadh idir an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2014.




### Líon na gcuairteanna ar ionaid

As na 854 ionad a chuireann seirbhísí ar fáil do dhaoine fásta faoi mhíchumas, agus seirbhísí do leanaí agus do dhaoine fásta le chéile, rinneadh iniúchadh ar 462 ionad (54%) i gcaitheamh na chéad bliana den chóras rialála nua. Léirítear sa tábla seo líon na gcuairteanna iniúchta a tugadh ar ionaid ainmnithe, mar aon leis an gcéatadán de na hionaid ar tugadh cuairt orthu, i gcomhréir le líon iomlán na gcúirteanna.

**Figiúr 9:** Líon na gcuairteanna a tugadh ar ionaid a chuireann seirbhísí ar fáil do dhaoine fásta faoi mhíchumas, agus seirbhísí do leanaí agus do dhaoine fásta le chéile, idir an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2014.




### 4.1.4 Ionaid a dúnadh

Tá sé de cheart ag an Údarás machnamh ar ghníomh forfheidhmiúcháin a dhéanamh nuair atá forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhfuil rioscaí tromchúiseacha ann do shláinte agus/nó do leas cónaitheoirí in ionad, nó go bhfuil sárú mór, suntasach á dhéanamh ar na rialacháin de dheasca go bhfuil ag teip ar sholáthróir a dhualgas chun cónaitheoir(í) a chosaint a chomhlíonadh. Dúnadh roinnt ionad ainmnithe do dhaoine breacaosta agus do dhaoine spleácha i gcaitheamh 2014. As an méid seo, níor úsáideadh nósanna imeachta foirmiúla forfheidhmiúcháin ach i leith aon ionaid amháin, cás inar eisíodh Fógra Cealúcháin i mí Mheán Fómhair 2014 agus inar ghlac an soláthróir leis an gcinneadh.

### 4.1.5 Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara

Choinníomar clár suntasach cumarsáide agus rannpháirteachais le páirtithe leasmhara agus le heagraíochtaí. D'eagraíomar seimineáir do sholáthróirí seirbhíse sna hearnálacha do dhaoine fásta agus do dhaoine faoi mhíchumas araon. Tugadh cúnamh do sholáthróirí ag na seimineáir seo leis an bpróiseas clárúcháin a bhainistiú i ndáil le hionaid dá gcuid. Bhuail an tÚdarás leis an bPainéal Ionadaíochta d'Úsáideoirí Seirbhíse le linn na bliana chomh maith. Tá ar an bpainéal seo grúpaí tathanta agus soláthróirí seirbhíse, a dhéanann ionadaíocht do dhaoine faoi mhíchumas a bhfuil cónaí orthu in ionaid ainmnithe.

### 4.1.6 Rialachán éifeachtach, éifeachtúil

In 2014 chuireamar lenár dtiomantas do dheimhin a dhéanamh de go mbíonn próisis agus modhanna ar aon dul leis an dea-chleachtas ó thaobh an rialacháin agus an riaracháin phoiblí de. Tá na forbairtí seo ar aon dul lenár dtiomantas do bhaint amach ár gcroí-threoirphrionsabal .i. tús áite do dhaoine, cothrom na féinne, fócas ar shármhaitheas agus ar nuáil, agus oscailteacht agus cuntasacht sa chleachtadh rialála.

Forbraíodh agus foilsíodh faoi Chur Chuige Monatóireachta an Údaráis creataí measúnaithe agus breithiúnais a bhfuil sé mar aidhm acu comhsheasmhacht agus trédhearcacht níos fearr a bhaint amach ar mhaithe le soláthróirí seirbhíse agus leis an bpobal sa chaoi a ndéanaimid monatóireacht ar chomhlíonadh na gcaighdeán agus na rialúchán.

Eisíodh fógraí rialála agus sábháilteachta in 2014 le cabhrú le soláthróirí seirbhíse a leibhéil chomhlíonta agus sábháilteachta a fheabhsú.
Bhain na fógraí seo leis na nithe seo a leanas:

- bainistíocht riosca i dtaobh na monatóireachta glúcóis in ionaid ainmnithe
- iniúchtaí téamacha.

**D'fhoilsíomar roinnt cáipéisí treoracha ar mhaite le soláthróirí chomh maith:**

- Comhairle do Sholáthróirí Cláraithe maidir leis na Rialúcháin faoin Acht Sláinte, 2007 (Cúram agus Leas Cónaitheoirí in Ionaid Ainmnithe do Dhaoine Breacaosta), 2013
- Treoir do Sholáthróirí Cláraithe maidir leis na Rialúcháin faoin Acht Sláinte, 2007 (Cúram agus Leas Cónaitheoirí in Ionaid Ainmnithe do Dhaoine Breacaosta), 2013
- Fógraí Reachtúla: Treoir do Sholáthróirí Cláraithe agus do Dhaoine i gCeannas
- Treoir maidir le Clárúchán agus le Clárúchán a Athnuachan
- Treoir d'Ionaid Ainmnithe: Beartas Forfheidhmithe
- Treoir maidir leis an gCúram Réamhbháis
- Treoir maidir le Cúrsaí Bia agus Cothúcháin.

**Rinneamar réimse polasaithe agus nósanna imeachta a fhorbairt agus a fhoilsiú le linn na bliana a bhí ag dul leis na cuspóirí a leagtar amach inár bPlean Gnó, 2014:**

- Beartas agus nós imeachta i ndáil le haighneachtaí arna ndéanamh ag soláthróirí cláraithe

- Beartas i ndáil le haighneachtaí i scríbhinn arna ndéanamh de réir an Achta Sláinte, 2007 (arna leasú)
- Buan-Nós Imeachta Oibriúcháin na Stiúrthóireachta Rialúcháin maidir le taifeadadh,
stóráil agus úsáid íomhánna digiteacha
a ghlactar ag iniúchadh láithreáin
- Creat Measúnachta i ndáil le Monatóireacht a Dhéanamh ar Sheirbhísí do Dhaoine Breacaosta
- Creat Breithiúnais i ndáil le Monatóireacht a Dhéanamh ar Sheirbhísí do Dhaoine Breacaosta.

### 4.1.7 Clár Dearbhaithe agus Rialála i ndáil le cáilíocht agus le sábháilteacht seirbhísí sainithe cúraim sláinte agus shóisialta do leanaí in Éirinn.


**Gníomhaíochtaí rialála agus monatóireachta**

Cuireadh an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) ar bun i mí Eanáir 2014 agus tá sí freagrach as seirbhísí cosanta agus leasa leanaí a chur ar fáil thar cheann an Stáit.

Lean ár bhFoireann Náisiúnta Leanaí de mhonatóireacht agus d'iniúchadh a dhéanamh ar sheirbhísí, agus de thuairiscí a thabhairt orthu, in 2014 de réir an Achta um Chúram Leanaí, 1991 agus Acht na Leanaí, 2001 (arna leasú). Déanann cigirí monatóireacht ar na cineálacha seirbhíse seo a leanas agus tugann siad tuairiscí orthu freisin:


- ionaid chónaithe do leanaí atá á reáchtáil ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.
- aonaid sainchúraim
- scoileanna coinneála
- seirbhísí cosanta agus leas leanaí
- seirbhísí cúraim altramais, bídís á reáchtáil ag soláthróirí príobháideacha nó ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
- ionaid ainmnithe do leanaí faoi mhíchumas.

**Figiúr 10:** Líon na n-iniúchtaí monatóireachta a rinneadh laistigh den tréimhse 12 mhí ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2014.




Thug an Fhoireann Leanaí tosaíocht d'ionaid ainmnithe do leanaí faoi mhíchumas a chlárú agus d'iniúchadh a dhéanamh orthu de réir an Achta Sláinte, 2007 i gcaitheamh 2014. Rinneadh 75 iniúchadh ar an iomlán chun críocha ionaid a chlárú, monatóireacht a dhéanamh ar sheirbhísí, agus sainaithint a dhéanamh ar dhea-chleachtais agus ar rioscaí, agus rinneadh bearta rialála de réir mar ba ghá. Rinneadh ní ba mhó ná aon iniúchadh amháin ar roinnt ionad d'fhonn tabhairt ar na hionaid seo leibhéil seirbhíse agus sábháilteachta a fheabhsú. Tá teagmháil déanta ag cigirí le roinnt soláthróirí le dul i ngleic le neamhchomhlíonadh na gcaighdeán agus na rialúchán.

**Figiúr 11:** Líon na n-iniúchtaí monatóireachta agus clárúcháin a rinneadh ar ionaid ainmnithe do leanaí faoi mhíchumas i rith na tréimhse 12 mhí tar éis an 1 Eanáir 2014.




### Faisnéis a fháil

Rinne an tÚdarás 80 píosa faisnéise a mheas agus thug sé freagraí orthu. Rinne sé amhlaidh i gcás fógraí a fuarthas faoi theagmhais ardriosca a tharla in ionaid ainmnithe do leanaí faoi mhíchumas. Rinneadh measúnacht riosca ar gach píosa faisnéise agus rinneadh beart rialála, nuair ba ghá, de réir na mbeartas atá againn.

Fuaireamar sonraí ón nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ar bhonn ráithiúil le linn 2014. Bhain an fhaisnéis seo le cúrsaí cúraim altramais agus le seirbhísí cosanta agus leasa leanaí, ar leibhéal na réimse seirbhíse agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Bhaineamar úsáid as an bhfaisnéis seo le sainaithint a dhéanamh ar rioscaí féideartha agus le bonn eolais a chur faoinár sceideal iniúchtaí.

### Ionaid chónaithe do leanaí agus iniúchtaí spriocdhírithe.

Rinneamar sraith de 10 n-iniúchadh spriocdhírithe ar bhainistíocht iompair dhúshlánaigh i seirbhísí cónaithe do leanaí. Ina theannta sin, rinneadh 6 iniúchadh a bhí dírithe ar rioscaí. Thug na cigirí faoi deara go raibh ag dul deacair ar roinnt foirne freastal ar riachtanais leanaí a raibh a n-iompar dúshlánach cé go raibh roinnt foirne eile in ann plé a dhéanamh leo gan mórán dua. Cuirfear le clár na n-iniúchtaí spriocdhírithe in 2015 le 10 n-ionad eile a chur san áireamh ann.

### Torthaí maidir le seirbhísí cosanta agus leasa leanaí agus le seirbhísí cúraim altramais

Sna 5 iniúchadh a rinneadh trí thagairt do *na Caighdeáin Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* agus sna 5 iniúchadh a rinneadh ar sheirbhísí cúraim altramais, rinneadh sainaithint ar na téamaí seo a leanas:

- D'oibrigh baill foirne oibre sóisialta agus baill foirne eile go dian le seirbhísí a chur ar fáil do leanaí agus dá muintir, ach is iomaí dúshlán a bhí le sárú acu.
- Bhí bearta tráthúla á ndéanamh le leanaí i mbaol láithreach a chosaint agus bhí cúramóirí altramais ag cur cúram dea-chaighdeáin ar fáil do leanaí mar is gnách.
- Bhí na liostaí feithimh fada go leor le haghaidh idirghabhálacha bunúsacha oibre sóisialta, amhail measúnachtaí, agus ní raibh nascoibrithe ag roinnt mhaith de na cúramóirí altramais.
- Ní raibh oibrithe sóisialta ag roinnt leanaí a measadh a bhí i mbaol tromchúiseach, leanúnach.
- Níorbh ann d'aon bheartais ná d'aon nósanna imeachta ar leith i dtaobh líomhaintí faoi mhí-úsáid institiúideach nó eagraithe ná nochtaí cúlghabhálacha a bhainistiú.

### Seirbhísí soláthair dhírigh

Tar éis dul i ndáil chomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha, bhreathnaigh an tÚdarás ar éifeachtacht na seirbhísí cosanta agus leasa leanaí a chuirtear ar fáil do leanaí a bhfuil cónaí orthu sna seirbhísí soláthair dhírigh a sholáthraítear thar ceann na Roinne Dlí agus Cirt. Institiúidí cónaithe is ea na seirbhísí soláthair dhírigh ina gcuirtear cóiríocht ar fáil d'iarrthóirí tearmainn agus dá gclann nuair atá siad ag fanacht le cinneadh ar a n-iarratas tearmainn. Tá na torthaí sealadacha réidh anois agus foilseofar an tuarascáil iomlán iniúchta, ina mbeidh na moltaí náisiúnta, i gcaitheamh 2015.

### Leanaí i gcóiríocht dhaingnithe

Le linn don Údarás a bheith ag déanamh iniúchtaí bliantúla ar 3 aonad sainchúraim agus ar cheann amháin de 3 scoil coinneála an Stáit, rinne na cigirí sainaithint ar na saincheisteanna seo a leanas a bhain le cearta an linbh:

- Ní raibh rochtain ag na leanaí ar an oideachas lánaimseartha i ngach cás, nó i gcás leanaí i scoileanna coinneála, ní raibh rochtain acu ar chlár iompair do chiontóirí.

- Cuireadh leanaí i scaradh aonair*, uaireanta i dtimpeallachtaí mí-oiriúnacha, i gceann de na haonaid sainchúraim agus sna scoileanna coinneála, ar feadh tréimhsí fada ama i roinnt cásanna.

Fiosróidh an tÚdarás ceist an tsrianta ar shaoirse an linbh i gcóiríocht dhaingnithe tuilleadh in 2015.

### 4.1.8 Clár Dearbhaithe i ndáil le cáilíocht agus le sábháilteacht seirbhísí sainithe cúraim sláinte in Éirinn

De réir an Achta Sláinte, 2007 is muidne atá freagrach as caighdeáin a fhorbairt i dtaobh cáilíocht agus sábháilteacht seirbhísí cúraim sláinte agus as monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán sin. Tá de dhualgas orainn chomh maith, de réir an Achta, iniúchadh a dhéanamh ar shábháilteacht, ar cháilíocht agus ar chaighdeáin seirbhísí cúraim sláinte sa chás go gcreidimid go bhfuil baol tromchúiseach ann do shláinte agus do leas úsáideoirí na seirbhísí sin.

### 4.1.9 Clár monatóireachta de bhun *na gCaighdeán Náisiúnta um Chosc agus Rialú Ionfhabhtuithe atá Bainteach leis an gCúram Sláinte*

Rinne an tÚdarás 52** iniúchadh neamhfhógartha ar ospidéil ghéarmhíochaine phoiblí. Rinneadh iad seo faoin gclár monatóireachta atá ar bun ag an Údarás de réir *na gCaighdeán Náisiúnta um Chosc agus Rialú Ionfhabhtuithe atá Bainteach leis an gCúram Sláinte*.
Tá san áireamh san fhigiúr seo 3 athiniúchadh neamhfhógartha a rinneadh in 2014 a raibh gá leo de bharr go ndearnadh sainaithint ar dhrochfheidhmíocht sa chéad iniúchadh neamhfhógartha.
Foilsíodh torthaí na n-iniúchtaí uile d'éis a ndéanta ar www.hiqa.ie.

Agus na hiniúchtaí seo á ndéanamh, leagadh béim ar leith ar Chaighdeán 3 de na gCaighdeán um Chosc agus Rialú Ionfhabhtuithe, a bhaineann le sláinteachas timpeallachta, agus ar Chaighdeán 6, a bhaineann le cleachtas sláinteachais lámh. Tugadh buarthaí nó saincheisteanna eile faoi deara le linn na n-iniúchtaí, ar bhuarthaí agus shaincheisteanna iad a bhain le Caighdeáin eile.

Cé go bhfuair an tÚdarás go raibh an chuid ba mhó de láithreacha ospidéil glan go ginearálta, is é fírinne an scéil nach raibh na Caighdeáin á gcomhlíonadh i roinnt cásanna. Is measa a bhí na leibhéil chomhlíonta

* Is éard atá i gceist leis an scaradh aonair ná leithlisiú duine óig, a bhí an-toirmeascach go deo, ar feadh na tréimhse is giorra is féidir le deis a thabhairt dó/di smacht a fháil air/uirthi féin arís. Treoirlínte Náisiúnta na Roinne Sláinte agus Leanaí ar Úsáid an Scartha Aonair in Aonaid Sainchúraim (2003).

** Rinneadh 2 athiniúchadh eile mar chuid de chlár 2014 i mí Eanáir 2015.

i dtaca le glaineacht trealaimh d'othair, agus le sláinteachas timpeallachta i láithreacha othar agus in áiseanna sláinteachais.

In ainneoin go bhfuil ospidéil ag obair i dtreo gach uile ghné den dea-chleachtas a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn, rinne an tÚdarás suntas de nach mar a chéile a bhí an fheidhmíocht ó thaobh an tsláinteachais lámh de ar fud earnáil na n-ospidéal géarmhíochaine in 2014. Níl cultúr an dea-shláinteachais lámh bunaithe go fóill i ngach uile ospidéal.

Bhí ar gach ospidéal a ndearnadh iniúchadh air feabhsuithe a dhéanamh leis na Caighdeáin a chomhlíonadh ina n-iomláine. Tugadh faoi deara freisin cleachtais nuálacha a bhféadfadh ospidéil eile foghlaim uathu.

### 4.1.10 Faisnéise agus buarthaí a fháil agus anailís a dhéanamh orthu

Ó thaobh na seirbhísí cúraim sláinte de, cuireann réimse foinsí éagsúla faisnéis agus buarthaí ar ár súile dúinn agus déanaimid anailís agus measúnú riosca orthu.

Mhéadaigh líon na mbuarthaí faoi sheirbhísí cúraim sláinte a cuireadh ar ár súile dúinn 21% in 2014. Baineadh úsáid as an bhfaisnéis seo le hacmhainní a dhíriú ar na réimsí a raibh an méid ba mhó riosca ag baint leo.

Úsáideadh an chuid ba mhó de na buarthaí a fuarthas le bonn eolais a chur faoi chláir monatóireachta agus iniúchtaí a leanann ar aghaidh, amhail an t-iniúchadh ar an Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise. I roinnt cásanna, áfach, scríobh an tÚdarás chuig bainisteoirí áitiúla, réigiúnacha, nó náisiúnta de chuid FSS le gealltanais a lorg maidir le córas cúraim ar leith.

Le linn 2014 leanamar de chíoradh a dhéanamh ar bhealaí ní b'éifeachtaí chun faisnéis feidhmíochta agus faisnéis eile a fháil ó fhoinsí áitiúla agus náisiúnta agus anailís a dhéanamh orthu. Chuaigh an tÚdarás i dteagmháil le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) le próiseas a bhunú faoina dtabharfaidh FSS tacar aontaithe sonraí don Údarás ar bhonn ráithiúil. Tá an córas seo ar bun anois agus táthar ag súil leis go gcuirfear faisnéis fhóinteach ar fáil in 2015 dá bharr. Bainfidh an tÚdarás feidhm as na sonraí seo le bonn eolais a chur faoi ghníomhaíochtaí rialála atá ar siúl faoi láthair agus a chuirfear ar siúl amach anseo.

### 4.1.11 Clár Dearbhaithe 3 Bliana

Mar chuid de chlár réamhghníomhach monatóireachta ar sholáthróirí seirbhíse de réir *na gCaighdeán Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte, Níos Fearr*, rinne an tÚdarás sainaithint ar 5 thosaíocht don

phróiseas measúnachta nó athbhreithnithe mar chuid de chlár dearbhaithe 3 bliana. Cuireadh an clár seo chun cinn i gcaitheamh na bliana 2014 mar seo a leanas:

- Foilsíodh *an Tuarascáil ar an athbhreithniú ar na socruithe rialála atá léirithe i sábháilteacht, i gcáilíocht agus i gcaighdeáin na seirbhísí ag Ospidéil Ollscoil Luimnigh* i mí an Mheithimh 2014.
- *Foilsíodh Athbhreithniú ar sheirbhísí cúraim éigeandála réamhospidéil chun a chinntiú go ndéantar othair atá tinn go géar a mheasúnú, a dhiagnóisiú agus a bhainistiú go cliniciúil mar is ceart agus go n-iompraítear chuig saoráid oiriúnach cúraim sláinte iad* i mí na Nollag 2014.
- Is de réir Alt 9 den Acht Sláinte a rinneadh iniúchadh reachtúil den athbhreithniú a bhí beartaithe ar na socruithe rialachais a bhí i bhfeidhm san Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise chun cáilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí a áirithiú i gcomhthéacs na gcaighdeán náisiúnta agus na moltaí a rinneadh in iniúchtaí roimhe. Tabharfar 'an tIniúchadh ar shábháilteacht, ar cháilíocht agus ar chaighdeáin na seirbhísí a sholáthraíonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte d'othair san Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise' ar an iniúchadh seo.
- Cuireadh tús le hobair ar chlár measúnachta i leith na maoirseachta ábhar frithmhiocróbach (an chaoi a ndéantar úsáid antaibheathach a bhainistiú in ospidéil)
  i 49 ospidéal géarmhíochaine phoiblí ar fud na hÉireann. Tosófar an clár measúnachta seo in 2015.
- Cuireadh tús le hobair freisin ar dhearadh cláir measúnaithe maidir leis na socruithe atá i bhfeidhm i 49 ospidéal le deimhin a dhéanamh de go ndéantar othair scothaosta a úsáideann seirbhísí ospidéil ghéarmhíochaine ghinearálta a mheasúnú agus a bhainistiú mar is ceart chun freastal ar na riachtanais aonair hiodráitithe agus cothaithe a bhíonn acu. Tosófar an clár measúnachta seo in 2015.

### 4.1.12 *An t-athbhreithniú ar na socruithe rialála atá léirithe i sábháilteacht, i gcáilíocht agus i gcaighdeáin na seirbhísí ag Ospidéil Ollscoil Luimnigh*

D'fhoilsíomar *an tAthbhreithniú ar na socruithe rialála atá léirithe i sábháilteacht, i gcáilíocht agus i gcaighdeáin na seirbhísí ag Ospidéil Ollscoil Luimnigh* i mí an Mheithimh 2014. Rinneadh an t-athbhreithniú le súil a choinneáil ar an gcaoi a raibh cur i bhfeidhm *Chaighdeáin Náisiúnta an Údaráis um Chúram Sláinte Níos Sábháilte, Níos Fearr* ag dul ar aghaidh.

Roghnaíodh Ospidéil Ollscoil Luimnigh le hathbhreithniú a dhéanamh orthu mar gheall ar gur minic a bhí an tÚdarás i dteagmháil le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) maidir le réimse saincheisteanna a bhain le sábháilteacht othar agus le héifeachtacht na socruithe rialachais a bhí i bhfeidhm in ospidéil sa mheániarthar.

Is de dhroim an athbhreithnithe a tháinig roinnt rioscaí agus dúshlán tábhachtach chun solais ar ghá do FSS dul i ngleic leo ar bhonn náisiúnta agus ar ghá do lucht bainistíochta Ospidéil Ollscoil Luimnigh dul i ngleic leo ar leibhéal an ghrúpa.

Ba é an riosca ba shuntasaí ar tháinig an tÚdarás air ná an plódú a bhí ag tarlú arís is arís eile sa Rannóg Éigeandála in Ospidéal Ollscoil Luimnigh. Bhí drochthionchar ag an bplódú seo ar othair agus ar bhaill foirne araon. Bhí sé ina chúis le bac a chur ar bhaill foirne rochtain ar othair le cúram a thabhairt dóibh agus le breathnú orthu, le cur isteach ar phríobháideacht agus ar dhínit na n-othar, le riosca trais-seolta ionfhabhtuithe a mhéadú agus le stop a chur le leorghlanadh na rannóige.

Rinneadh sainaithint sa tuarascáil ar na hardrioscaí seo a leanas chomh maith:

- Ní bhíonn acmhainní á n-úsáid go barrmhaith i ngach ospidéal de chuid an ghrúpa
  – fáil ar leabaí d'othair a bhfuil riachtanais chasta acu in Ospidéal Ollscoil Luimnigh go háirithe.
- Easpa anailíse agus plé bhríoch ar leibhéal an Bhoird ar thinnis othar, ar threochtaí i dteagmhais chliniciúla, ar theagmhais dhíobhálacha, agus ar chosc agus rialú ionfhabhtuithe atá bainteach leis an gcúram sláinte.
- Easpa comhairle agus treorach soiléire, eatramhaí ón Roinn Sláinte agus ó FSS maidir le socruithe rialachais comhtháite idir seirbhísí deonacha agus seirbhísí poiblí i gcomhthéacs na ngrúpaí ospidéal agus na mbord aonair atá ag teacht chun cinn.

D'éiligh an tÚdarás ar FSS agus ar Ospidéil Ollscoil Luimnigh plean feabhsaithe cáilíochta a chur i dtoll a chéile agus a fhoilsiú, rud a mbeadh sé mar aidhm aige na rioscaí sainaitheanta a laghdú. Tá an chuntasacht, an fhreagracht agus an t-údarás feidhmiúcháin i dtaca le cur i ngníomh an phlean feabhsaithe cáilíochta seo ar FSS agus ar Ospidéil Ollscoil Luimnigh araon.




### 4.1.13 *An tAthbhreithniú ar sheirbhísí cúraim éigeandála réamhospidéil chun a chinntiú go ndéantar othair atá tinn go géar a mheasúnú, a dhiagnóisiú agus a bhainistiú go cliniciúil mar is ceart agus go n-iompraítear chuig saoráid oiriúnach cúraim sláinte iad*

Mar chuid dár gclár dearbhaithe 3 bliana, chuireamar athbhreithniú cuimsitheach i gcrích a raibh sé mar aidhm aige a fháil amach cibé acu atá nó nach bhfuil na socruithe riachtanacha i bhfeidhm ag seirbhísí cúraim éigeandála réamhospidéil in Éirinn chun a chinntiú go ndéantar othair atá tinn go géar a mheasúnú, a dhiagnóisiú agus a bhainistiú go cliniciúil mar is ceart agus go n-iompraítear chuig saoráid oiriúnach cúraim sláinte iad. Foilsíodh an t-athbhreithniú seo i mí na Nollag 2014.

Is éard atá i gceist leis an gcúram éigeandála réamhospidéil ná an cúram éigeandála a thugtar d'othar sula dtugtar chuig ospidéal nó chuig saoráid oiriúnach cúraim sláinte é/í. Is í Seirbhís Náisiúnta Otharcharranna Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) a sholáthraíonn an chuid is mó den chúram éigeandála réamhospidéil in Éirinn. Freastalaíonn idir an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna agus Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath ar Chathair agus ar Chontae Bhaile Átha Cliath. Cuireadh an dá sheirbhís faoi chaibidil san athbhreithniú seo.

Rinneadh 12 mholadh sa tuarascáil: 8 moladh náisiúnta a raibh feidhm acu ar Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath agus ar an tSeirbhís Náisiúnta

Otharcharranna araon, agus 4 mholadh nár bhain ach leis an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

I measc na 8 moladh náisiúnta bhí:

- An gá le comhphlean gníomhaíochta a fhorbairt idir Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath agus an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna d'fhonn próisis láimhseála glaonna a fheabhsú agus glaonna a chomhordú idir an dá sheirbhís ar bhealach níos fearr.
- Seirbhís otharcharranna atá lán-chomhtháite a chur i ngníomh i mórcheantar Bhaile Átha Cliath.
- Ligean do Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath bheith páirteach gan a thuilleadh moille i dtionscadal athchumraithe Lárionad Rialaithe na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna.
- Plean cuimsitheach lucht oibre a fhorbairt.
- Comh-mhonatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht seirbhísí agus a leithéid de bhearta a thuairisciú go poiblí i gcomparáid le príomhtháscairí feidhmíochta, agaí freagartha san áireamh.
- Athbhreithniú ar shamhail reatha an tseachadta seirbhíse.

I measc na moltaí ar leith a bhain leis an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna bhí:

- Oiliúint leanúnach a chur ar fáil do bhaill foirne, athbhreithniú a dhéanamh ar na sainchuntais phoist i ndáil le poist bhainistíochta, agus measúnacht a dhéanamh dá éis sin ar chumas fostaithe i gcomparáid leis na sainchuntais phoist nua.
- Forbairt scéimeanna pobail céadfhreagróirí a chur chun cinn.
- An gá leis an gcur chuige a fheabhsú i leith na bainistíochta riosca, idir chorparáideach agus chliniciúil.
- An gá le próisis rialachais chliniciúil a fheabhsú, tús a chur leis an iniúchadh cliniciúil san áireamh.

Mhol an tÚdarás don dá sheirbhís pleananna feabhsaithe cáilíochta a chur i dtoll a chéile agus a fhoilsiú d'fhonn dul i ngleic le gach aon mholadh.



An phreasócáid ag ar seoladh athbhreithniú an Údaráis ar sheirbhísí cúraim éigeandála réamhospidéil, ó chlé go deas, Marty Whelan (an tÚdarás), Gabriel Mc Clean (foireann an athbhreithnithe), Phelim Quinn agus Mary Dunnion (an tÚdarás).

### 4.1.14 Iniúchtaí reachtúla

Chuireamar tús i mí an Mhárta 2014 le hiniúchadh ar shábháilteacht, ar cháilíocht agus ar chaighdeáin na seirbhísí a sholáthraíonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte d'othair san Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise. Foilseofar an tuarascáil i gcaitheamh 2015.

Déanfar roinnt moltaí, idir áitiúil agus náisiúnta, mar thoradh ar an iniúchadh, ar moltaí iad a mbeidh sé mar aidhm acu cáilíocht agus sábháilteacht an chúraim a chuirtear ar fáil san Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise agus ar fud na seirbhísí cúraim sláinte a fheabhsú.

# 4.2

# An Stiúrthóireacht um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte Fíricí agus Fócas

CHUIREAMAR FAOI CHAIBIDIL BUNTÁISTÍ

**CLÁIR NÁISIÚNTA DÍFHIBRILEOIRÍ ROCHTANA POIBLÍ**

D'FHONN LÍON NA nDAOINE A THAGANN SLÁN TAR ÉIS STAD CAIRDIACH LASMUIGH DEN OSPIDÉAL A MHÉADÚ

RINNEAMAR MOLTAÍ AR

**9 nGNÁTHAMH OTHAIR**

MAR A CHUIREAMAR LENÁR MTSanna AR THAIRSEACHA ATREORAITHE CHLINICIÚIL AGUS CÓIREÁLA CLINICIÚLA

**5 NUASHONRÚ**

AR ÁR dTREOIRLÍNTE NÁISIÚNTA UM MTS

**OS CIONN 200 DUINE**

LÍON NA nDAOINE A D'FHREASTAIL AR AN SEISIÚN EOLAIS FAOIN EITIC THAIGHDE A D'EAGRAÍOMAR I dTACA LENÁR bhFEIDHM NUA I RIALACHAS NA hEITICE TAIGHDE

## 4.2 An Stiúrthóireacht um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte

### 4.2.1 Cúlra

Tacaíonn ár bhfeidhm measúnacht teicneolaíochta faisnéise (MTS) lenár gcuid cinnteoireachta cúraim sláinte agus cuireann sí bonn eolais fúithi d'fhonn beartais sláinte shábháilte, éifeachtacha atá dírithe ar an othar a chumasú agus an luach is fearr is féidir a fháil ar na hacmhainní atá ar fáil. Mar a leagadh síos san Acht Sláinte 2007, tá feidhm reachtúil ag an Údarás tabhairt faoi dhisciplín MTS in Éirinn agus í a fhorbairt.

Áirítear leis an obair ar thug an Stiúrthóireacht um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte fúithi ullmhú réimse measúnachtaí, a chuir bonn eolais faoi bheartais náisiúnta agus faoi chinntí seirbhíse, chomh maith le forbairt treoirlínte MTS, a chuirfidh chun cinn ullmhú measúnachtaí atá tráthúil, iontaofa, comhsheasmhach agus bainteach le riachtanais cinnteoirí agus príomhpháirtithe leasmhara.
Thug an Stiúrthóireacht cúnamh le tuilleadh acmhainne a fhorbairt ó thaobh MTS de trí pháirt a ghlacadh i réimse gníomhaíochtaí, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, a raibh sé mar aidhm acu cúram sláinte slán sábháilte, éifeachtach agus éifeachtúil a chumasú.

### 4.2.2 Measúnachtaí Teicneolaíocht Sláinte (MTS) a rinneadh in 2014

***An Mheasúnacht Teicneolaíochta Sláinte ar Chlár Dífhibrileoirí Rochtana Poiblí***

D'fhoilsigh an tÚdarás MTS i mí na Nollag 2014 inar cuireadh faoi chaibidil na himpleachtaí a bheadh i gceist le clár náisiúnta dífhibrileoirí rochtana poiblí (PAD) a bhunú d'fhonn líon na ndaoine a thagann slán tar éis stad cairdiach lasmuigh den ospidéal a mhéadú in Éirinn.

Tugadh faoin MTS seo mar fhreagairt ar iarratas a fuarthas ón Dr. James Reilly TD, a bhí ina Aire Sláinte ag an am, le bonn eolais a chur faoin bpróiseas déanta cinntí ar cheisteanna a bhain leis an mBille Sláinte Poiblí (Infhaighteacht Dífhibrileoirí), 2013. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Aire mar chomhairle agus tá cíoradh gníomhach á dhéanamh uirthi faoi láthair chun bonn eolais a chur faoi chinneadh i ndáil le bainistíocht stadanna cairdiacha lasmuigh den ospidéal in Éirinn.

Bhí sé mar aidhm ag an MTS éifeachtacht chliniciúil agus cost-éifeachtúlacht réimse cumraíochtaí PAD a mheas. I measc na gcumraíochtaí a bhí i gceist leis seo bhí clár cuimsitheach a ndéantar cur síos air sa Bhille agus scéim ní ba spriocdhírithe nach raibh dírithe ach ar na háiteanna siúd a dtarlaíonn an líon is mó stadanna cairdiacha lasmuigh

den ospidéal. Cuireadh faoi chaibidil freisin na himpleachtaí ginearálta a bhainfeadh le clár PAD ó thaobh seachadadh seirbhísí éigeandála de, an tionchar a d'imreodh sé ar othair a mbuaileann stad cairdiach iad lasmuigh den ospidéal agus ar bhaill den phobal, chomh maith leis na saincheisteanna ábhartha, idir eiticiúil agus dhlíthiúil, a bheadh i gceist le hidirghabháil den sórt seo.


Baineadh de thátal as an tuarascáil nach mbeadh aon cheann de na cláir PAD a measadh éifeachtúil ó thaobh costas de trí thagairt do ghnáth-thairseacha toilteanais chun íoc. D'fhéadfadh imlonnú spriocdhírithe uath-dhífhibrileoirí seachtracha (AEDanna) in áiteanna a dtarlaíonn níos mó stadanna cairdiacha lasmuigh den ospidéal, i bpáirt le húsáid mhéadaithe AEDanna mar thoradh ar chlár AEDanna nasctha leis na seirbhísí leighis éigeandála náisiúnta (EMS) agus ar fheasacht feabhsaithe i measc an phobail, d'fhéadfadh sé cláir dífhibrileoirí rochtana poiblí a dhéanamh ní b'éifeachtúla ó thaobh costas de.

Luadh sa MTA gur iomaí AED atá scaipthe ar fud na hÉireann cheana féin ar bhonn deonach, ach nach bhfuil an córas seo caighdeánaithe, comhordaithe, ná nasctha leis na seirbhísí leighis éigeandála.

Dá mbeadh clár PAD le tabhairt isteach in Éirinn, moltar gur chóir é a chur faoi chaibidil i bpáirt le bearta le húsáid AEDanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu a mhéadú. Ina measc siúd tá:

- feasacht fheabhsaithe i measc an phobail
- oiliúint leathnaithe san athbheochan chardascamhógach (CPR) agus in úsáid na n-uath-dhífhibrileoirí seachtracha (AED)
- Clár uath-dhífhibrileoirí seachtracha (AED) a nascadh leis an gcóras bainistíochta éigeandála.

Moltar gur chóir d'aon chlár ionchais díriú ar imlonnú éigeantach AEDanna sna háiteanna a dtarlaíonn an líon is mó stadanna cairdiacha lasmuigh den ospidéal ar an gcéad dul síos. Ba chóir próisis measúnaithe feidhmíochta agus taighde a chur san áireamh sa chlár ón tús freisin leis an gclár a chur in oiriúint ar bhonn leanúnach lena éifeachtúlacht a uasmhéadú.




### *An Mheasúnacht Teicneolaíochta Sláinte ar Thairseacha Atreoraithe/Cóireála Cliniciúla i ndáil le Gnáthaimh Sceidealaithe Roghnaithe*

Lean an tÚdarás ag tabhairt faoi shraith measúnachtaí teicneolaíochta sláinte gasta ar cibé acu a bheadh nó nach mbeach sé oiriúnach tairseacha atreoraithe chliniciúil nó tairseacha cóireála cliniciúla a thabhairt isteach i gcomhair gnáthaimh sceidealaithe, agus ar thionchar féideartha a dtabhartha isteach, tar éis iarratas a fháil ó Ard-Stiúrthóir Ainmnithe FSS i mí na Nollag 2012.

Bhí sé mar aidhm ag na measúnachtaí seo comhairle a chur ar fáil faoi na tairseacha atreoraithe chliniciúil nó cóireála cliniciúla a d'fhéadfaí a thabhairt isteach i gcomhair gnáthamh i gcásanna ina bhféadfadh cur isteach ar a n-éifeachtacht mura ndéanfaí de réir critéir chliniciúla shonraithe iad.


Is é cuspóir na gcritéar líon na n-atreoruithe gan ghá chuig máinlianna a laghdú, rud a mbainfear próiseas atreoraithe níos éifeachtúla amach dá bharr, a ndéanfar an cúram a chaighdeánú dá bharr, agus a fheabhsóidh fáil othar ar ghnáthaimh mháinliachta i ndeireadh na dála. Táthar ag súil leis gur iomaí buntáiste a bhainfear amach tar éis na tairseacha a chur i bhfeidhm, lena n-áireofar ionchais othar a bhainistiú go cuí, aga feithimh a laghdú i gcás othair sheachtracha atá ag feitheamh ar ghnáthaimh mháinliachta, agus aistear an othair a ghiorrú i gcás gnáthaimh roghnacha mháinliachta.

Tá an MTS á dhéanamh ar bhonn céimnithe agus cuireadh an chéad dá chéim de na measúnachtaí gasta i gcrích i gcaitheamh 2013. Chuireamar leis seo in 2014, tráth ar foilsíodh Céim 3 agus Céim 4.

Foilsíodh Céim 4 i mí Iúil 2014, arb í an chéim í a bhaineann le gnáthaimh mháinliachta ortaipéideacha – artraplaiste chromáin agus ghlúine, agus artrascópacht ghlúine agus ghualainne. D'oibríomar as lámha a chéile le Cláir Cúraim Chliniciúil FSS um Réamaiteolaíocht agus um Thráma agus Ortaipéidic agus an chéim seo á cur i gcrích d'fhonn na tairseacha atreoraithe a chur san áireamh sna conairí cúraim náisiúnta comhaontaithe.

Foilsíodh Céim 4, ina gcuirtear 5 ghnáthamh faoi chaibidil, i mí na Samhna 2014. Moladh sa chéim seo tairseacha atreoraithe i gcomhair réimse riochtaí gastraistéigeacha (GI), airíonna GI uachtaracha agus íochtaracha a cheaptar a chuireann urchóideacht in iúl go háirithe, d'othair fhásta a bhfuil heirne ghradhaine (sa bholg nó sa bhléine) orthu, mar aon le tairseacha atreoraithe i gcomhair gnáthaimh fíocais agus clocha domlais.

**Figiúr 13:** D'fhorbraíomar tairseacha atreoraithe agus cóireála do dhaoine a bhfuil fadhbanna acu leis an gconair íochtarach ghastraistéigeach, rud a d'fhéadfadh bheith ina chomhartha sóirt den ailse. Tá sé mar aidhm ag na tairseacha seo a chinntiú go ndéantar na hothair chearta a atreorú agus go gcuirtear cóireáil orthu in am trátha, agus go ndéantar atreoruithe gan ghá a sheachaint freisin.



Ina theannta sin, d'fhoilsíomar caibidlí nuashonraithe maidir le cúlra, le modhanna agus le hathbhreithniú ar shaincheisteanna eiticiúla ábhartha d'fhonn an saothar áirithe seo a chur i gcomhthéacs.

Cuireadh na tuarascálacha a bhain leis an dá chéim seo faoi bhráid FSS agus an Aire Sláinte lena mbreathnú.

### 4.2.3 Measúnachtaí Teicneolaíochta Sláinte (MTS) ar cuireadh tús leo in 2014

***An Mheasúnacht Teicneolaíochta Sláinte ar an Scagthástáil le haghaidh an Fhibrilithe Aitriamaigh***

Thoiligh an tÚdarás tabhairt faoi MTS ar an scagthástáil le haghaidh an fhibrilithe aitriamaigh sa chúram príomhúil tar éis dó bheith i mbun plé leis an gClár Cliniciúil Náisiúnta um an Stróc.

Cuirfear faoi chaibidil sa MTS seo éifeachtúlacht chliniciúil agus cost-éifeachtúlacht na hidirghabhála, mar aon leis na hiarmhairtí ó thaobh an bhuiséid agus acmhainní de a bheadh i gceist le clár scagthástála náisiúnta in Éirinn. Cuirfidh sé bonn eolais faoin gcinnteoireacht i dtaca lena chur i bhfeidhm, cibé acu a tharlóidh nó nach dtarlóidh é sin.

Tá na Téarmaí Tagartha le haghaidh na measúnachta aontaithe le FSS agus tá Sainghrúpa Comhairleach, ar a bhfuil ionadaithe do phríomhghrúpaí leasmhara, curtha ar bun. Táthar ag súil go gcuirfear an obair ar an MTS i gcrích i mí Iúil 2015, tráth a gcuirfear an tuarascáil dheireanach faoi bhráid an Aire Sláinte agus FSS lena breathnú.

***An Mheasúnacht Teicneolaíochta Sláinte ar Chláir Vacsaínithe BCG***

Thoiligh an tÚdarás tabhairt faoi MTS ar chláir vacsaínithe BCG (.i. an vacsaín in aghaidh na heitinne) tar éis dó iarratas a fháil ón Roinn Sláinte.

Tá mar pholasaí in Éirinn gach uile naíonán a vacsaíniú leis an BCG i láthair na huaire. Tá sé mar aidhm ag an MTS na himpleachtaí cliniciúla, costais, eagraíochtúla, agus eiticiúla a fháil amach a bheadh i gceist le dul le beartas roghnaitheach vacsaínithe BCG nach mbeadh dírithe ach ar naíonáin ardriosca.

Tá na Téarmaí Tagartha le haghaidh na measúnachta aontaithe leis an Roinn Sláinte. Tá Sainghrúpa Comhairleach, ar a mbeidh ionadaithe do phríomhghrúpaí leasmhara, á chur ar bun faoi láthair.

***An Mheasúnacht Teicneolaíochta Sláinte ar Chórais Leictreonacha Réamhrabhaidh agus ar Chórais Aistrithe Chliniciúil***

Thoiligh an tÚdarás tabhairt faoi mheasúnacht ar éifeachtacht córais leictreonacha réamhrabhaidh agus córais aistrithe chliniciúil in rannóga othar cónaitheach tar éis dó a bheith i mbun plé leis an Roinn Sláinte.

Cuirfear faoi chaibidil sa MTA éifeachtacht agus sábháilteacht córas dá leithéid, déanfar athbhreithniú ar a gcost-éifeachtúlacht, déanfar cíoradh ar na príomhnithe a thacaíonn le torthaí rathúla óna leithéid de chórais, agus tabharfar breac-chuntas ar na nite sin freisin.

Tá na Téarmaí Tagartha le haghaidh na measúnachta aontaithe leis an Roinn Sláinte agus tá Sainghrúpa Comhairleach, ar a bhfuil ionadaithe do phríomhghrúpaí leasmhara, curtha ar bun. Táthar ag súil go gcuirfear an obair ar an MTS i gcrích i mí an Mhárta 2015, tráth a gcuirfear an tuarascáil dheireanach faoi bhráid an Aire Sláinte lena breathnú.

### 4.2.4 Achoimre ar ghníomhaíochtaí eile le linn 2014

#### Na Treoirlínte Náisiúnta um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte

Nuashonraigh an tÚdarás na Treoirlínte Náisiúnta um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte agus chuir sé leo. Spreagann na treoirlínte seo ullmhú measúnachtaí atá tráthúil, iontaofa, comhsheasmhach agus bainteach le riachtanais cinnteoirí agus príomhpháirtithe leasmhara.

D'fhoilsíomar leaganacha chun dáta de *na Treoirlínte um MTS* agus de na treoirlínte um measúnacht ar thionchar buiséid i mí Feabhra 2014. Foilsíodh leagan chun dáta de na *Treoirlínte um Measúnú ar Éifeachtacht Chliniciúil Teicneolaíochtaí Sláinte* i mí Mheán Fómhair 2014.

D'ullmhaíomar treoirlínte nua ar an rannpháirteachas le páirtithe leasmhara sa phróiseas MTS freisin. Foilsíodh treoirlínte nua maidir le hábhar a bhaineann leis an measúnacht eacnamaíochta a fháil agus léirmhíniú i mí Mheán Fómhair 2014 chomh maith.

Ghlac an Grúpa Comhairleach Eolaíochta um MTS leis na leaganacha chun dáta de na treoirlínte ar fad agus bhí tréimhse comhairliúcháin phoiblí ann ina leith sular foilsíodh iad.

#### An Coiste Náisiúnta um Éifeachtacht Chliniciúil

Chuir an tAire Sláinte an Coiste Náisiúnta um Éifeachtacht Chliniciúil (CNÉC) ar bun chun creat a chur ar fáil d'fhormhuiniú náisiúnta treoirlínte cliniciúla agus iniúchta chliniciúil d'fhonn an cúram d'othair a bharrfheabhsú laistigh de chóras sláinte na hÉireann, idir phoiblí agus phríobháideach.

Chuir an tÚdarás sraith seisiún oiliúna eacnamaíochta ar siúl d'fhorbróirí treoirlínte mar chuid den chlár oiliúna CNÉC. Chuir sé tacaíocht dhíreach ar fáil chomh maith d'fhorbróirí na 5 threoirlíne chliniciúla ar iarr an tAire iad agus do 7 ngrúpa forbartha treoirlínte eile. Ina measc siúd bhí: Ionfhabhtú clostridium difficile, an t-asma, galar ainsealach na n-aerchonairí toirmeascacha, an iatacht sa chúram maolaitheach, bainistíocht chógaisíochta phian na hailse agus na hailse í féin (cíoch, próstatach).

Tugann an tÚdarás tacaíocht don Choiste trína bhallraíocht sa Choiste agus i ngrúpa oibre an Choiste, agus tugann sé tacaíocht dhíreach d'fhorbróirí treoirlínte cliniciúla ar mian leo go ndéanfaí a dtreoirlínte a fhormhuiniú ar bhonn náisiúnta.

**Acmhainn agus inniúlacht a fhorbairt sa mheasúnú ar theicneolaíocht na sláinte**

Leanann an tÚdarás de choinneáil i dteagmháil le páirtithe leasmhara seachtracha le deiseanna oiliúna agus oideachais a phleanáil sa mheasúnú ar theicneolaíocht na sláinte d'fhonn tacú le forbairt an tsaineolais náisiúnta i seoladh agus i léirmhíniú measúnachtaí teicneolaíocht sláinte. I measc na ndeiseanna oiliúna a cuireadh ar fáil bhí: deiseanna intéirneachta a chur ar fáil do mhic léinn iarchéime i réimsí bainteacha; páirt a ghlacadh in oiliúint sheachtrach do pháirtithe leasmhara (ionadaithe d'othair, páirtithe CNÉC, oiliúint fochéime, iarchéime, agus eile); comhoibriú ar thionscadail le comhghleacaithe acadúla, Lárionad Náisiúnta na Cógaseacnamaíochta agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh san áireamh; agus tacaíocht oiliúna agus oideachais a chur ar fáil d'fhoireann na Stiúrthóireachta um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte le cabhrú leo cur lena gcuid taithí.

Rinneamar treoirlínte nua a fhorbairt freisin maidir le hábhar a bhaineann leis an measúnacht eacnamaíochta a fháil agus léirmhíniú chomh maith. Tugann siad seo aghaidh ar riachtanais na ndaoine siúd a bhfuil baint acu le hullmhú na dtreoirlínte cliniciúla, agus le tacú leo, agus ar riachtanais na ndaoine nach mbíonn measúnachtaí teicneolaíochta sláinte á ndéanamh acu go hiondúil.

**Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara**

Forbraíodh agus foilsíodh treoirlínte nua ar an rannpháirteachas le páirtithe leasmhara sa phróiseas MTS in 2014.

Bhí an tÚdarás i dteagmháil le roinnt mhaith páirtithe leasmhara d'fhonn bonn eolais a chur faoi thosaíochtaí i ndáil le clár na Measúnachtaí ar Theicneolaíocht na Sláinte (MTS) a leanann ar aghaidh, le tionscadail a bhí ar bun a éascú agus le bonn eolais a chur fúthu.

Thacaigh sainghrúpa comhairleach le gach uile mheasúnacht, ar shainghrúpaí iad a tionóladh i ndáil le gach aon tionscadal agus ar a raibh ionadaithe do pháirtithe leasmhara, lenar áiríodh an lucht déanta beartas, soláthróirí seirbhísí, cliniceoirí, grúpaí othar agus saineolaithe, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, sa mheasúnú ar theicneolaíocht na sláinte.

Tugadh faoi chomhairliúcháin phoiblí i dtaca le haon MTS iomlán amháin agus le 9 mearmheasúnacht MTS. Ina theannta sin, tugadh faoi chomhairliúcháin phoiblí i dtaca le 3 leagan chun dáta de threoirlínte náisiúnta um MTS agus 2 threoirlíne nua um MTS.

Ghlac an Stiúrthóireacht páirt i roinnt grúpaí comhairleacha arna dtionól ag páirtithe leasmhara seachtracha; Grúpa athbhreithnithe teicneolaíochta an Chláir Náisiúnta Rialaithe Ailse; an Painéal Saineolaithe ar an Riachtanas Leighis i leith Incháilitheachta don Chárta Leighis; an Sainghrúpa Comhairleach ar Phlean Cóireála Sláinte Poiblí do Heipitíteas C; agus Meitheal Oibre FSS um MTS ina measc.

Chuir Grúpa Comhairleach Eolaíochta agus Grúpa Comhairleach Beartaithe Tosaíochtaí bonn eolais faoi shaothar na Stiúrthóireachta le linn 2014 chomh maith. Is grúpa é an Grúpa Comhairleach Eolaíochta ar a ndéantar ionadaíocht do phríomhpháirtithe leasmhara san earnáil cúram sláinte in Éirinn agus do shaineolaithe modheolaíocha in earnáil MTS. Tá príomhchinnteoirí de chuid na Roinne Sláinte agus FSS ar an nGrúpa Comhairleach Beartaithe Tosaíochtaí.

**Grúpa Comhairleach Beartaithe Tosaíochtaí le bonn eolais a chur faoi atreorú agus faoi roghnú ábhar le haghaidh MTS**

Ghlac Bord an Údaráis le Beartas Beartaithe Tosaíochtaí in 2014. Tugann an beartas seo creat i gcomhair cinnteoireachta ar na measúnachtaí ar cóir don Údarás a chuid acmhainní a dhíriú orthu d'fhonn an méid ionchuir ón lucht déanta beartas a uasmhéadú agus an seans go scaoilfí teicneolaíochtaí tábhachtacha tharainn a laghdú.

Is é an Grúpa Comhairleach Beartaithe Tosaíochtaí a chuireann bonn eolais faoin obair beartaithe tosaíochtaí, ar grúpa é ar a bhfuil príomhchinnteoirí de chuid na Roinne Sláinte agus FSS. Cuireadh réimse ábhar tríd an bpróiseas beartaithe tosaíochtaí i mí na Nollag 2014, rud a bhí ina chúis le plean oibre go dtí lár na bliana 2016 a chur i dtoll a chéile, a cuireadh faoi bhráid an Bhoird lena fhaomhadh. Dá dtiocfaí ábhair nua chun cinn le linn na tréimhse seo, chuirfí tríd an bpróiseas beartaithe tosaíochtaí iad chomh maith agus d'athrófaí an clár oibre lena gcur san áireamh.

### 4.2.5 Líonraí idirnáisiúnta

**An Líonra Eorpach um an Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte (EUnetHTA)**

Is é an tÚdarás an comhlacht náisiúnta ainmnithe do na Comhthionscadail Ghníomhaíochta um an Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte (EUnetHTA), arna maoiniú ag an Aontas Eorpach. Thug EUnetHTA faoi roinnt Comhthionscadal a bhfuil sé mar aidhm acu comhoibriú éifeachtach, inbhuanaithe a bhaint amach sa mheasúnú ar theicneolaíocht na sláinte, rud a chuirfidh le fiúntas an tsaothair ar na leibhéil Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha.

Tá Stiúrthóir na Stiúrthóireachta um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte ina leaschathaoirleach ar an Tionól Iomlánach de EunetHTA agus tá sí ina ball den Choiste Gnó freisin. Ghlac an tÚdarás páirt i gcomhullmhú measúnachtaí teicneolaíochta sláinte i gcomhar le gníomhaireachtaí náisiúnta MTS eile agus bhí sé i gceannas ar threoirlíne MTS de chuid EUnetHTA a fhorbairt freisin i gcaitheamh 2014. Tá sé mar aidhm ag saothar na gComhthionscadal comhoibriú idirghníomhaireachta a chothú le haschur MTS a fheabhsú agus d'fhonn an dúbailt iarrachta a sheachaint. Tá an saothar seo tar éis bonn eolais a chur faoi bhunú buanlíonra gníomhaireachtaí MTS ar fud na hEorpa freisin.

Ar bun anois tá Comhthionscadal 2, ar tionscadal 3 bliana é ar cuireadh tús leis i mí Mheán Fómhair 2012 agus a bhfuil 33 gníomhaireacht agus táirgeoir MTS páirteach ann. Tá an tÚdarás ag glacadh páirt ghníomhach i dtrí cinn de na hocht bpacáiste oibre mar chomhpháirtí.

### An Líonra um an Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte

Déanann Stiúrthóir na Stiúrthóireachta um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte ionadaíocht d'Éirinn ar an Líonra um an Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte, rud a chuir DG Sanco ar bun in 2013 de bhun Threoir 2011/24/AE, a bhaineann le feidhmiú chearta an othair sa chúram sláinte trasteorann. Is buanlíonra é de ghníomhaireachtaí MTS arna n-ainmniú ag na baillstáit d'fhonn comhoibriú marthanach, straitéiseach agus eolaíochta a chothú sa mheasúnú ar theicneolaíocht na sláinte ar fud an Aontais Eorpaigh. Éascófar an comhoibriú eolaíochta trí Chomhthionscadal 2 de chuid EUnetHTA go dtí mí Mheán Fómhair 2015.

### Comhoibriú idirnáisiúnta eile

Leanann an tÚdarás d'fhorbairt a dhéanamh ar na caidrimh atá aige le gníomhaireachtaí MTS eile, agus de leas a bhaint as na caidrimh sin, d'fhonn a chuid éifeachtúlachta a mhéadú i dtaobh measúnachtaí ar ardchaighdeán a tháirgeadh.

Tá sé páirteach sa chlár um Chruth a Chur ar Luath-Idirphlé Eorpach (SEED) i gcomhar le measúnóirí teicneolaíochta sláinte eile agus le grúpa comhairleach eolaíochta an Choiste um Táirgí Íocshláinte don Duine (CHMP). Tá sé ina bhall den Ghrúpa Idirnáisiúnta Meastóireachta ar Theicneolaíocht na Sláinte (HTAi) agus de Líonra Idirnáisiúnta na nGníomhaireachtaí um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte (INAHTA) agus glacann sé páirt i gcomhroinnt idirnáisiúnta faisnéise le measúnú éifeachtúil ar theicneolaíocht na sláinte a chumasú trí mheasúnachtaí a chur in oiriúint do gach áit ar leith.

Foilsíodh 3 pháipéar agus litir amháin a bhain le measúnachtaí a ndearna an tÚdarás iad in irisleabhair idirnáisiúnta phiarmheasúnaithe le linn 2014.

### 4.2.6 An eitic thaighde

Faoin mBille um Fhaisnéis Sláinte agus faoin reachtaíocht a bhaineann le trialacha cliniciúla beidh feidhm nua ag an Údarás i dtaobh rialachas na heitice taighde, rud a bheidh Rialúchán nua de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le trialacha cliniciúla mar bhonn agus mar thaca aige. Tá an Rialachán le teacht i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2016 agus is iontach an t-athrú a thiocfaidh ar an gcaoi a ndéantar measúnú ar iarratais ar thrialacha cliniciúla ilstát mar thoradh air.

D'oibrigh an tÚdarás as lámha a chéile leis an Roinn Sláinte ó thús deireadh na bliana 2014 ar ábhar agus ar amlínte na reachtaíochta baintí faoina leagfar an cúram dlíthiúil as na réimsí seo ar an Údarás. Cuireadh samhail bheartaithe i dtaobh rialachas na heitice taighde i dtoll a chéile agus cuireadh faoi bhráid Grúpa Comhairleach an Údaráis um an Eitic Thaighde í i mí na Bealtaine 2014.

Leanamar de pháirt a ghlacadh i roinnt Meithleacha Oibre ar an leibhéal Eorpach d'fhonn ullmhú i dtreo chur i ngníomh na n-athruithe a bheidh ag teastáil le bheith in oiriúint le ceanglais an Rialacháin.

D'óstálamar seisiún eolais ar an eitic thaighde i gcomhar leis an Roinn Sláinte i mí an Mheithimh 2014. Tugadh breac-chuntas ag an seisiún seo ar fhorbairtí i réimse an fhaofa eiticiúil i dtaca leis an taighde sláinte ar na leibhéil náisiúnta agus Eorpacha agus d'fhreastail breis is 200 duine air; taighdeoirí, ionadaithe do choistí eitice taighde, tacadóirí othair, comhlachtaí maoinithe agus ionadaithe earnála ina measc.

# 4.3 Faisnéis Sláinte Fíricí agus Fócas

## An Ríomh-Shláinte

THUGAMAR FAOI CHLÁR OIBRE IN 2014 A RAIBH SÉ MAR AIDHM AIGE AN STRAITÉIS RÍOMH-SHLÁINTE DON CHÚRAM SLÁINTE IN ÉIRINN A CHUR CHUN CINN

**SÉ**

PHRÍOMH-MHOLADH

LÍON NA MOLTAÍ A FOILSÍODH AR BHAILIÚCHÁIN NÁISIÚNTA SONRAÍ CÚRAIM SLÁINTE AGUS SHÓISIALTA

**108**

**BAILIÚCHÁN** - LÍON NA mBAILIÚCHÁN SONRAÍ A nDÉANTAR SAINAITHINT ORTHU SA LEAGAN CHUN DÁTA DE CHATALÓG NA MBAILIÚCHÁN NÁISIÚNTA SONRAÍ CÚRAIM SLÁINTE AGUS SHÓISIALTA

D'FHOILSÍOMAR MOLTAÍ MAIDIR LE GLACADH LE

**SNOMED CT**

MAR AN TÉARMAÍOCHT CHLINICIÚIL NÁISIÚNTA

## 4.3 An Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Sláinte

### 4.3.1 Cúlra

Is ríthábhachtach leis na heagraíochtaí agus leis na gairmithe uile atá páirteach i gcúram othar, sláinte agus sóisialta a chur ar fáil rochtain a bheith acu ar fhaisnéis thráthúil, chruinn, iomlán, inléite, ábhartha. Déanaimid caighdeáin a fhorbairt le haghaidh na faisnéise sláinte d'fhonn an tsábháilteacht othar agus an cháilíocht cúraim a fheabhsú. I measc na gcaighdeán seo tá caighdeáin i dtaca le sainmhínithe, caighdeáin i dtaca leis an gcomhroinnt faisnéise, caighdeáin i dtaca le rialachas agus le príobháideacht na faisnéise a áirithiú agus caighdeáin i dtaca le húsáid, le clúdach agus le cáilíocht na faisnéise a bharrfheabhsú.

Tá rochtain ar fhaisnéis faoi infhaighteacht, faoi inrochtaineacht, faoi éifeachtacht agus faoi éifeachtúlacht ár seirbhísí sláinte ríthábhachtach le córas cúram sláinte atá iontaofa, slán agus sábháilte a chur ar fáil. Braitheann an dea-chinnteoireacht ar rochtain ar fhaisnéis mhaith, agus ar úsáid mhaith a bhaint as an bhfaisnéis sin, rudaí a bheidh ina chúis le seirbhísí feabhsaithe a sheachadadh i ndeireadh na dála.
Cé gur iomaí aonad agus sampla barrmhaith atá ann sa chóras, tá an córas ar an iomlán ilroinnte de dheasca easpa caighdeán agus bearnaí tromchúiseacha.

Is é an tÚdarás atá freagrach as anailís a dhéanamh ar cháilíocht agus ar chlúdach reatha na faisnéise sláinte d'fhonn sainaithint a dhéanamh ar bhearnaí san fhaisnéis sin agus moltaí a dhéanamh chun na bearnaí sin a líonadh. Leagamar síos sainmhínithe caighdeánacha i dtaca leis an bhfaisnéis lena chinntiú go bhféadfar na píosaí faisnéise éagsúla a chur i gcomparáid lena chéile ar bhealach bríoch agus go seachnófar an dúbailt iarrachta. Tá an tábhacht chéanna ag baint leis na caighdeáin a thacaíonn le cumas na gcóras faisnéise sláinte chun cur in iúl agus comhroinnt na faisnéise sláinte a éascú.



Cumasóir a bhfuil tábhachtach nach beag ag baint leis is ea an Ríomh-Shláinte agus táimid tiomanta don bhealach a réiteach don Ríomh-Shláinte in Éirinn. Táimid ag súil leis go ndéanfar é seo trí chaighdeáin theicniúla agus faisnéise a fhorbairt. Mar cheann de na príomheagraíochtaí a thacaíonn leis an bhfís náisiúnta don Ríomh-Shláinte, thugamar faoi chlár oibre in 2014 a raibh sé mar aidhm aige an Straitéis Ríomh-Shláinte don Chúram Sláinte

in Éirinn a chur chun cinn. Tá an Ríomhordú Cógais agus an tAitheantóir Uathúil Sláinte ar thosaíochtaí eile atá ina gcuid den Straitéis Ríomh-Shláinte. Is dá bharr seo a d'oibrigh an tÚdarás i dtreo caighdeáin a fhorbairt d'fhonn tacú lena gcur i ngníomh le linn na bliana.

### 4.3.2 Achoimre ar éachtaí i réimse na Faisnéise Sláinte in 2014

**Caighdeáin agus treoir a fhorbairt – an Straitéis Ríomh-Shláinte a chur chun cinn**

Is gá roinnt oibre ullmhúcháin tábhachtaí a dhéanamh le bonn a chur faoi thógáil infreastruchtúir láidir Ríomh-Shláinte. Tá i gceist leis an obair seo aitheantóirí uathúla a thabhairt isteach do dhaoine, d'eagraíochtaí, agus do ghairmithe leighis agus tacar caighdeán idir-inoibritheachta Ríomh-Shláinte a chur le chéile, lena n-áirítear caighdeáin chumarsáide agus téarmaíochta atá bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta atá ar fáil agus curtha i bhfeidhm go forleathan.

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag obair chun an Straitéis Ríomh-Shláinte a chur chun cinn in 2014.

- D'oibríomar leis an Roinn Sláinte ar an Acht um Aitheantóirí Sláinte, 2014, rud lena gcuirtear creat reachtach ar fáil i gcomhair aitheantóirí uathúla do dhaoine agus do sholáthróirí cúraim sláinte agus rud atá ina thosaíocht faoin Straitéis Ríomh-Shláinte. D'fhonn tacú leis seo chuireamar tús le hobair (trí ghrúpa comhairleach) ar na Caighdeáin Rialachais agus Bainistíochta Faisnéise d'Oibritheoirí Chlárlann na nAitheantóirí Sláinte.
- D'fhoilsíomar moltaí i gcomhair glacadh le hAinmníocht Chórasach Téarmaí Leighis Cliniciúla (SNOMED CT) mar an caighdeán téarmaíochta náisiúnta in Éirinn.
- D'fhorbraíomar caighdeáin i leith an ríomhordaithe cógais agus an ríomhaistrithe orduithe cógais tríd an nGrúpa Comhairleach um Ríomhchaighdeáin atá againn. Tá i gceist leis na caighdeáin Ríomhordaithe Cógais samhail de shonraí le haghaidh catalóg tagartha táirgí íocshláinte, agus tacar sonraí agus sonraíocht theicniúil i leith ríomhorduithe cógais.

**Caighdeán rialachais agus bainistíochta faisnéise d'oibritheoirí chlárlann na n-aitheantóirí sláinte**

Déantar foráil san Acht um Aitheantóirí Sláinte, 2014 do dhá chlárlann náisiúnta a chur ar bun, .i. Clárlann Náisiúnta na nAitheantóirí Uathúla Sláinte agus Clárlann Náisiúnta na nAitheantóirí do Sholáthróirí Seirbhísí Sláinte. D'fhorbraíomar caighdeáin rialachais agus bainistíochta le linn 2014, a mbeidh feidhm acu ar oibritheoirí na gclárlann seo. Foilseofar

dréachtleagan de na caighdeáin seo in 2015 agus eagrófar comhairliúchán poiblí ina leith.

### Caighdeáin i leith an Ríomhordaithe Cógais.

Tá roinnt tionscadal déanta ag an Údarás le blianta beaga anuas i réimse an Ríomhordaithe Cógais an Ríomhaistrithe Orduithe Cógais (RAOC).

Chuireamar dhá thionscadal a bhain leis an Ríomhordú Cógais i gcrích in 2014 – *Samhail de shonraí le haghaidh catalóg tagartha táirgí íocshláinte – Caighdeán Náisiúnta* agus *Tacar Sonraí Ríomhordaithe Cógais agus an Caighdeán i leith Leagan Amach Cáipéisí Cliniciúla.* Tacóidh an dá thionscadal seo le cur i bhfeidhm RAOC agus foilseofar i gcaitheamh 2015 iad.

### Catalóg na mBailiúchán Náisiúnta Sonraí Cúraim Sláinte agus Shóisialta

D'fhoilsíomar leagan chun dáta de *Chatalóg na mBailiúchán Náisiúnta Sonraí Cúraim Sláinte agus Shóisialta* in 2014. Déantar sainaithint ar 108 bailiúchán náisiúnta de shonraí cúraim sláinte agus shóisialta in Éirinn sa chatalóg is déanaí. Tá tábhacht ar leith ag baint leis na meiteashonraí sa chatalóg seo i gcomhthéacs an Chreata Torthaí maidir le Forbairt na hÉireann ina Tír Shláintiúil, arb í an straitéis sláinte poiblí nua í atá á treorú ag an Roinn Sláinte.




## Comhairle ar an Aire, tionchar a imirt ar bheartais agus ar reachtaíocht

### An Bille um Fhaisnéis Sláinte

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag obair as lámha a chéile leis an Roinn Sláinte le creat a leagan amach don Bhille um Fhaisnéis Sláinte. Píosa reachtaíochta an-tábhachtach is ea é, a chuirfidh ar fáil an creat dlíthiúil a chumasóidh don Údarás a chuid dualgas reachtúil a chomhlíonadh i dtaobh na faisnéise sláinte agus na heitice taighde.

Beidh ról foirmeálta ag an Údarás i gcaighdeáin a fhorbairt faoin mBille um Fhaisnéis Sláinte, atá ar na bacáin, maidir le 'cláir ordaithe meaitseála sonraí' agus le 'hacmhainní ordaithe faisnéise sláinte'. Cuirfear lenár dtéarmaí tagartha dlíthiúla chomh maith.

### Bailiúcháin Náisiúnta Sonraí Cúraim Sláinte agus Shóisialta

D'fhoilsíomar i mí na Samhna 2014 6 phríomhmholadh maidir le bailiúcháin náisiúnta sonraí cúraim sláinte agus shóisialta. Foilsíodh athbhreithniú

idirnáisiúnta ag an am céanna le *Moltaí le haghaidh Cur Chuige níos Comhtháite i leith Bailiúcháin Náisiúnta Sonraí Cúraim Sláinte agus Shóisialta in Éirinn* d'fhonn bonn fianaise a chur faoi na moltaí seo.

Tugadh chun solais mar thoradh ar na moltaí seo an gá atá ann le creat straitéiseach, lena n-áirítear treochlár mionsonraithe, le bonn eolais a chur faoin bpróiseas forbartha beartas agus lenár mbailiúcháin náisiúnta sonraí cúraim sláinte agus shóisialta a chomhtháthú ar bhealach níos fearr.

Is cóir go mbeidh cur i bhfeidhm na moltaí seo ina chúis le bloghadh a laghdú, le dúbailt iarrachta a sheachaint agus le cur chuige níos comhsheasmhaí i leith cáilíocht na sonraí bailithe a fheabhsú. Is de bharr na faisnéise ar ardchaighdeán a dhéanfar cúram, cinnteoireacht, monatóireacht agus pleanáil níos sábháilte. Úsáidfear acmhainní ar bhealach níos fearr agus bainfear éifeachtúlachtaí feabhsaithe amach mar thoradh ar ghlacadh le cur chuige níos comhordaithe, níos straitéisí.

### Moladh maidir le glacadh le SNOMED CT




Bunaithe ar athbhreithniú idirnáisiúnta a raibh 7 dtír páirteach ann, d'fhoilsigh an tÚdarás moltaí maidir le glacadh le SNOMED CT mar an téarmaíocht náisiúnta chliniciúil. Beart is ea é seo a éascóidh tabhairt isteach na Ríomh-Shláinte agus taifead leictreonach sláinte

Is é SNOMED CT an córas téarmaíochta cliniciúla is mó dá bhfuil ann agus forbraíodh é d'fhonn cáilíocht na sonraí cliniciúla i dtaifid othar agus cáilíocht an chúraim a fhaigheann othair a fheabhsú. Tá glactha leis mar chaighdeán náisiúnta sláinte i 29 tír ar fud na cruinne.

I measc na moltaí a rinneamar bhí ceadúnas náisiúnta a cheannach do SNOMED CT, agus acmhainní a chur ar fáil d'ionad eisiúna náisiúnta d'Éirinn a osclófar in 2015.

### Córas Náisiúnta Faireachais Othar

Chuir an tÚdarás tús le cleachtadh chun breathnú ar Chóras Náisiúnta Faireachais Othar a bhunú. Moladh ba ea é seo a d'eascair as an tuarascáil ar bhásanna imbhreithe in Ospidéal Phort Laoise, a chuir Príomhoifigeach Leighis na Roinne Sláinte le chéile.

Thosaíomar athbhreithniú idirnáisiúnta ar chórais faireachais sábháilteachta othar, chomh maith le hanailís ar na próisis faireachais sábháilteachta othar

atá i bhfeidhm cheana féin. Leanfar den obair seo in 2015 agus déanfar roinnt moltaí ar chomhordú na héirime sábháilteachta othar in Éirinn tar éis a curtha i gcrích.

## Acmhainn a fhorbairt laistigh de 'Sheirbhísí Corparáideacha' an Údaráis

### Athbhreithniú idirnáisiúnta ar úsáid faisnéise




D'fhoilsíomar athbhreithniú i mí Aibreáin 2014 ar an gcaoi a mbaineann rialaitheoirí agus gníomhaireachtaí feabhsaithe cáilíochta úsáid as faisnéis ar fud an domhain. Rinneadh cíoradh an chaoi a n-úsáideann a leithéid d'eagraíochtaí faisnéis ina gcuid oibre chun seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta a fheabhsú ina ndlínsí. Cuireadh faoi chaibidil san athbhreithniú an chaoi a n-úsáideann rialtóirí agus gníomhaireachtaí eile san earnáil cúraim sláinte agus shóisialta faisnéis in 8 ndlínse éagsúla sa Nua-Shéalainn, i gCeanada agus san Eoraip.

Chabhraigh an t-athbhreithniú idirnáisiúnta leis an Údarás teacht ar an gcur chuige ab fhearr i leith éirim ghnó inmheánach a fhorbairt lena chinntiú go mbeidh ár gcinntí rialála bunaithe ar fhaisnéis agus ar fhianaise ardchaighdeáin.

Cuireadh torthaí an athbhreithnithe idirnáisiúnta seo i láthair ag 'Comhdháil na Comhpháirtíochta Eorpaí d'Eagraíochtaí Maoirseachta sna Seirbhísí Sláinte agus sa Chúram Sóisialta' (EPSO), a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2014 agus a bhí óstáilte ag an Údarás i gcomhar leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte.

### An rialachas faisnéise

Chuir an tÚdarás agus an Coimisinéir Cosanta Sonraí a lámha le Meabhrán Tuisceana in 2014, ina dtugtar breac-chuntas ar an gcaoi a n-oibreoidh an dá ghníomhaireacht Stáit le chéile lena chinntiú go ndéanfar sonraí cúraim sláinte agus shóisialta daoine a chosaint agus go n-úsáidfear i gceart iad. Mar chuid den chomhaontú, ghabh an tÚdarás agus an Coimisinéir orthu féin coinneáil i dteagmháil lena chéile nuair is iomchuí maidir le gach ábhar a bhfuil comhleas straitéiseach, oibríochtúil acu ann, go foirmeálta trí chruinnithe sceidealaithe agus go neamhfhoirmeálta ar bhonn ad hoc.

Ar mhaithe le slándáil agus le príobháideacht phearsanta, éascaítear leis an meabhrán seo freisin comhoibriú ar ábhair is údar imní i gcásanna ina gcreideann ceann de na heagraíochtaí go bhfuil an t-ábhar sin laistigh de

chúraimí na heagraíochta eile agus nach bhfuil faisnéis phearsanta daoine á cosaint i gceart ná á húsáid go cuí.

Cuireadh ionadaithe do gach réimse gnó le Grúpa Stiúrtha Rialachais Faisnéise an Údaráis go luath sa bhliain 2014 d'fhonn an t-ualach oibre i dtaca leis an rialachas faisnéise (RF) a chomhroinnt go cothrom ina measc agus feasacht a fheabhsú ar an dea-chleachtas ar fud na heagraíochta.

Lean an clár rialachais faisnéise ar aghaidh in 2014 agus cuireadh oiliúint agus feasacht RF ar bhaill foirne nua mar chuid de. Ghlac an tÚdarás le tacar bunphrionsabal faisnéise le bonn a chur faoi rialáil an chleachtais oibríochtúil i dtaobh sonraí nó tacair sonraí a bhailiú agus a phróiseáil, ar sonraí nó tacair sonraí iad a n-iarrann nó a bhfaigheann an tÚdarás iad ó fhoinsí seachtracha sonraí chun tacú lena chuid gníomhaíochtaí, cibé acu is gníomhaíochtaí rialála nó nach gníomhaíochtaí rialála iad.

### An éirim ghnó

In 2014 d'fhoilsigh an tÚdarás athbhreithniú ar shampla de rialaitheoirí sláinte agus sóisialta ar fud an domhain i dtaobh na faisnéise a úsáideann siadsan le seirbhísí cúram sláinte agus shóisialta a rialú. Rinneadh suirbhé ar na straitéisí, ar na struchtúir riaracháin, agus ar na cleachtais oibríochtúla atá ag rialaitheoirí i láthair na huaire i ndáil le feidhm éirime gnó (ÉG) a sheachadadh mar chuid den athbhreithniú chomh maith. Ba léir ón athbhreithniú go bhfuil sonraí agus faisnéis á n-úsáid anois níos mó ná riamh le bonn eolais a chur faoi shaothar na rialaitheoirí cúraim sláinte agus na ngníomhaireachtaí feabhsaithe cáilíochta, leis an saothar sin a fheabhsú agus le caoi sheolta éifeachtach a chur air. Chuir formhór na ndlínsí a bhí i gceist in iúl go raibh gá le treo straitéiseach láidir i dtaca le húsáid na faisnéise, agus le feidhm ÉG atá struchtúrtha go héifeachtach agus a bhfuil fáil aige ar a dóthain acmhainní, d'fhonn an leas is fearr agus is féidir a bhaint as an bhfaisnéis ó thaobh na rialála de. Chuir an tÚdarás tús le Straitéis Éirime Gnó a fhorbairt in 2014 le fís fhadtréimhseach a leagan síos don fheidhm ÉG.

Le cois an straitéis éirime gnó a fhorbairt, rinne an fhoireann ÉG tacar cuimsitheach anailíse ar fhaisnéis a fhorbairt in 2014 le tacaíocht a thabhairt d'oibríochtaí rialála i gcomhair an Chúraim Shóisialta do Dhaoine Fásta. Forbríodh 'an phróifíl rioscaí' tuilleadh in 2014 le tacú leis an gclár monatóireachta leanúnaí ar ionaid ainmnithe. Rinne an fhoireann ÉG tuairiscí a fhorbairt freisin le tacú leis an tuairisciú airgeadais, rioscaí agus feidhmíochta.

### Líonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta

Lean an tÚdarás ag aghaidh in 2014 ag bunú caidrimh nua ar fud an domhain i réimse na faisnéise sláinte. I measc rudaí eile bhí i gceist leis seo ballraíocht sa líonra de chuid AE darb ainm 'PARENT' (Tionscnamh

Trasteorann maidir le Clárlanna Othar). Cabhraíonn an líonra seo le forbairt treoirlínte modheolaíocha i gcomhair clárlanna othar, atá inchomparáide agus comh-inoibritheach, a chur ar bun agus i gcomhair bailiúcháin náisiúnta sonraí a éascú i réimsí a bhfuil tábhacht shainaitheanta leo.

Is í an Roinn Sláinte atá i gceannas ar Chreat Torthaí a fhorbairt, ar tacar struchtúrtha táscairí agus spriocanna é a dhéantar a fhorbairt agus a bhainistiú ar bhealach comhaontaithe, chun tacú le forbairt na hÉireann ina tír shláintiúil agus le súil a choinneáil ar dhul chun cinn na forbartha sin. Tá páirt glactha ag an Údarás i roinnt grúpaí éagsúla páirtithe leasmhara le linn 2014 agus tá tábhacht ar leith ag baint leis na meiteashonraí i *gCatalóg na mBailiúchán Náisiúnta Sonraí Cúraim Sláinte agus Shóisialta* i gcomhthéacs an Chreata Torthaí thuasluaite.

D'fhógair an tAire Sláinte i gcaitheamh 2014 go gcuirfí an Córas Náisiúnta um Thuairisciú Cháilíocht an Chúraim Sláinte (NHQRS) ar bun mar chuid den ghealltanas a thug sé chun na táscairí cáilíochta a léiríonn cáilíocht agus sábháilteacht an chúraim sláinte in Éirinn a thuairisciú go poiblí. Bunaíodh Coiste Rialaithe an Chórais Náisiúnta um Thuairisciú Cháilíocht an Chúraim Sláinte le maoirseacht a dhéanamh ar an gCóras Náisiúnta seo. Déanann an Coiste maoirseacht ar threo straitéiseach an Chórais agus cuireann sé comhairle ar fáil faoi sin, comhaontaíonn sé na táscairí roghnaithe (na sainmhínithe agus na meiteashonraí atá le cur san áireamh sa Chóras ina measc), ullmhaíonn sé tuarascáil bhliantúil, agus cuireann sé an tuarascáil bhliantúil sin faoi bhráid an Aire Sláinte.

Chuir an Roinn Sláinte Grúpa Rialaithe an Chórais Náisiúnta Bainistíochta Teagmhas Áibhirseach (NAEMS) ar bun le linn 2014. Is é ról an Ghrúpa Rialaithe Faisnéise ná a chinntiú go mbíonn d'acmhainn ag an gCóras na riachtanais a chomhlíonadh le teagmhais áibhirseacha a bhainistiú go héifeachtach. Tá ionadaithe do pháirtithe leasmhara éagsúla ar an gcoiste rialaithe seo, ionadaithe don Údarás ina measc.

# 4.4 An Stiúrthóireacht um Fheabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta Fíricí agus Fócas

**FUAIREAMAR NÍ BA MHÓ NÁ**

**120**

AIGHNEACHT LE LINN ÁR gCOMHAIRLIÚCHÁIN PHOIBLÍ MAIDIR LEIS AN LEASÚ AR NA CAIGHDEÁIN LE hAGHAIDH TITHE ALTRANAIS

**D'FHORBRAÍOMAR**

**CAIGHDEÁIN NÁISIÚNTA NUA**

D'AONAID SAINCHÚRAIM

D'FHOILSÍOMAR

TREOIRCHÁIPÉIS DO SHOLÁTHRÓIRÍ

LE TACÚ LE BAINISTÍOCHT FHEABHSAITHE CÓGAS

**150**

**LÍON NA nGAIRMITHE**

A D'FHREASTAIL AR PASQ, COMHDHÁIL IDIRNÁISIÚNTA AR AN TSÁBHÁILTEACHT OTHAR A D'ÓSTÁIL AN tÚDARÁS

## 4.4 An Stiúrthóireacht um Fheabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta

### 4.4.1 Cúlra

Chuir an Stiúrthóireacht um Fheabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta a dara bliain iomlán oibre i gcrích in 2014. Rinneamar caighdeáin a fhorbairt ar son na cáilíochta agus sábháilteachta le linn na bliana agus thacaíomar le cultúr feabhsaithe sábháilteachta agus cáilíochta d'othair ar fud an chórais cúraim sláinte agus shóisialta.

Déanaimid caighdeáin agus treoir náisiúnta a fhorbairt i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus cuirimid ar fáil don fhoireann tosaigh clár tógála acmhainne i modheolaíochtaí agus in uirlisí feabhsaithe cáilíochta d'fhonn an cháilíocht agus an tsábháilteacht a chur chun cinn. Cabhraíonn a leithéid de thionscnaimh leis an gcóras cultúr feabhsaithe leanúnaigh cáilíochta agus sábháilteachta othar a chothú.

### 4.4.2 Achoimre ar ghníomhaíochtaí le linn 2014

- Chuireamar forbairt *na gCaighdeán Náisiúnta Athbhreithnithe um Shocruithe Cúraim Chónaithe do Dhaoine Breacaosta in Éirinn*. Ghlac ár mBord leis na caighdeáin tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí agus cuireadh faoi bhráid an Aire Sláinte iad. Seolfar in 2015 iad seo.
- Chuireamar forbairt *na gCaighdeán Náisiúnta um Aonaid Sainchúraim* chun cinn. Ghlac ár mBord leis na caighdeáin tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí agus cuireadh faoi bhráid an Aire Sláinte iad. Seolfar in 2015 iad seo.
- Chuireamar tús le hathbhreithniú ar *na Caighdeáin Cáilíochta Náisiúnta um Chosc agus Rialú Ionfhabhtuithe atá Bainteach leis an gCúram Sláinte.*
- D'fhoilsíomar an treoircháipéis *Prionsabail an Dea-chleachtais sa Réiteach Cógas* do sholáthróirí cúraim sláinte agus shóisialta le tacú leo cógas a bhainistiú ar bhealach níos fearr, go háirithe i gcásanna ina n-aistrítear freagracht as cógas idir soláthróirí.
- Chuireamar clár oiliúna ar líne san fheabhsú cáilíochta ar fáil do bhreis is 200 duine aonair ó Ghrúpa na



nOthar ar son na nOthar de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO), ón tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna, ó sholáthróirí do dhaoine faoi mhíchumas, agus ó na 3 ospidéal leanaí i mBaile Átha Cliath d'fhonn tacaíocht ghníomhach a thabhairt dóibh agus cultúr feabhsaithe sábháilteachta agus cáilíochta d'othair a chur chun cinn ar fud an chórais cúraim sláinte agus shóisialta.

- Ghlacamar páirt i Líonra an Aontais Eorpaigh um Shábháilteacht Othar agus Cháilíocht Cúraim (PaSQ). D'óstálamar comhdháil idirnáisiúnta de chuid PaSQ ar an tsábháilteacht othar i mí Dheireadh Fómhair 2014, rud ar fhreastail thart ar 150 gairmí cúraim sláinte air.
- D'fhreagraíomar cáipéisí comhairliúcháin a fuair an tÚdarás ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, ón gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, ón mBord Clárúcháin Teiripe Saothair, ón mBord Clárúcháin Oibre Sóisialta, ó Bhord Clárúcháin na nDiatéiteach, ón gComhairle Fiaclóireachta, ó Chomhairle na nDochtúirí Leighis, ó Fheidhmeannas Réigiún Bhaile Átha Cliath do Dhaoine gan Dídean, agus ó ISQua.

### 4.4.3 Caighdeáin Náisiúnta: forbairt agus athbhreithniú

1. Chuireamar forbairt *na gCaighdeán Náisiúnta Athbhreithnithe um Shocruithe Cúraim Chónaithe do Dhaoine Breacaosta* chun cinn i gcaitheamh 2014. Leagan athbhreithnithe dár *gCaighdeáin Cáilíochta Náisiúnta um Shocruithe Cúraim Chónaithe do Dhaoine Breacaosta* a bheidh sna Caighdeáin seo agus tá siad á bhforbairt mar thoradh ar rialacháin nua a tháinig i bhfeidhm de réir an Achta Sláinte. D'fhorbraíomar na caighdeáin arna n-athbhreithniú le cúnamh ó shainghrúpa comhairleach agus foilsíodh le haghaidh comhairliúchán poiblí iad. Fuaireamar breis is 120 aighneacht a ndearnadh cíoradh cúramach orthu, rinneadh an t-aiseolas a mheas, agus leasaíodh na caighdeáin nuair ab iomchuí. Ghlac an Bord leis na dréacht-Chaighdeáin deiridh agus cuireadh faoi bhráid an Aire Sláinte iad. Táthar ag súil leis go bhfoilseofar na caighdeáin athbhreithnithe in 2015. Tá sé i gceist againn 3 cheardlann eolais réigiúnacha ar a laghad maidir leis na caighdeáin nua a eagrú do sholáthróirí seirbhíse tar éis a bhfoilsithe.
2. Chuireamar forbairt an leagain nua de *na Caighdeáin Náisiúnta um Aonaid Sainchúraim* chun cinn in 2014. Eisíodh le haghaidh comhairliúchán poiblí iad seo le linn na bliana. Rinneadh gach aighneacht a fuarthas mar thoradh ar an gcomhairliúchán a mheas agus rinneadh gach leasú ábhartha dá réir sin. Ghlac an Bord leis na dréacht-chaighdeáin deiridh agus cuireadh faoi bhráid an Aire Sláinte

iad. Táthar ag súil leis go bhfoilseofar na caighdeáin seo go luath in 2015.

3. Chuireamar tús leis an athbhreithniú ar *na Caighdeáin Náisiúnta um Chosc agus Rialú Ionfhabhtuithe atá Bainteach leis an gCúram Sláinte*. Leanfar den obair seo le tuilleadh fócasghrúpaí in 2015.

### 4.4.4 Caighdeáin Náisiúnta: tuiscint a chothú

Leanamar de thacaíocht a chur ar fháil do sheirbhísí tacaíochta i dtaca le cur i bhfeidhm na gcaighdeán náisiúnta agus tuiscint a chothú i measc soláthróirí. Rinneamar é seo a éascú ach cur i láthair a thabhairt ar na caighdeáin náisiúnta uile ag comhdhálacha agus ag ceardlanna eagraíochtúla agus gairmiúla ar fud fad na tíre. Thug an teagmháil seo eolas do ghrúpaí agus d'earnálacha áirithe faoi cén chaoi na caighdeáin a chur i bhfeidhm sna seirbhísí ar leith a sholáthraíonn siad. D'oibríomar le grúpaí spriocdhírithe chomh maith, dochtúirí ginearálta, tithe altranais agus seirbhísí míchumais ina measc, chun feasacht a fheabhsú ar na caighdeáin agus ar an tacaíocht a chuirimid ar fáil do sholáthróirí seirbhíse.

### 4.4.5 Treoir le tacú le cur i ngníomh na gCaighdeán Náisiúnta




Lean an tÚdarás ar aghaidh ag forbairt treoircháipéisí do sheirbhísí ainmnithe i gcaitheamh na bliana 2014 d'fhonn cabhrú le soláthróirí seirbhíse tuiscint a fháil ar na caighdeáin náisiúnta agus glacadh leo. Tá sé mar aidhm acu seo comhthuiscint a chothú agus an friotal céanna a úsáid agus muid ag plé le gach úsáideoir seirbhíse, othar agus soláthróir seirbhíse faoin gcaoi a bhfuil feidhm ag na Caighdeáin Náisiúnta ar an seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta uile.

D'fhoilsíomar *Prionsabail an Dea-chleachtais sa Réiteach Cógas* le linn na bliana, ar treoircháipéis iad do sholáthróirí cúraim sláinte agus shóisialta le tacú leo cógas a bhainistiú ar bhealach níos fearr, go háirithe i gcásanna ina n-aistrítear freagracht as cógas idir soláthróirí.

Cabhraíonn an treoir seo leo siúd a oibríonn sa tseirbhís tuiscint a fháil ar cén chaoi comhlíonadh na gcaighdeán náisiúnta a bhaint amach. In 2014 lean an tÚdarás ag aghaidh ag obair ar phróiseas leanúnach athbhreithnithe agus rannpháirtíochta i gcomhar le páirtithe leasmhara i dtaobh an treoir seo a choinneáil cothrom le dáta agus sainaithint a dhéanamh ar réimsí eile a mbeidh gá le treoir níos mionsonraithe ina leith.

### 4.4.6 Tacú le soláthróirí

Thugamar tacaíocht do bhaill foirne tosaigh in 2014 ach clár feabhsaithe cáilíochta a reáchtáil i gcomhar leis an Institiúid um Fheabhsú an Chúraim Sláinte (IHI). Is é ábhar an chláir oiliúna seo uirlisí agus modheolaíochtaí na heolaíochta feabhsaithe cáilíochta. Eagraíocht neamhbhrabúis is ea IHI atá lonnaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus a bhfuil sé mar aidhm aici feabhsú cúraim sláinte a chur chun cinn ar fud na cruinne.

Is é an tÚdarás an mol le haghaidh na Scoile Oscailte Réigiúnaí de chuid IHI in Éirinn. Soláthraíonn an Scoil Oscailte seo cúrsaí ar líne san eolaíocht feabhsaithe cáilíochta, ar cheap baill d'fhoireann teagaisc IHI iad.
Is tríd an Scoil Oscailte is féidir le gairmithe cúraim sláinte sna disciplíní uile foghlaim faoi mhodheolaíochtaí feabhsaithe cáilíochta agus uirlisí praiticiúla a ghnóthú, a chuirfidh ar a gcumas feabhsuithe inbhuanaithe a dhéanamh ar na seirbhísí dá gcuid.

Ghlac breis is 200 duine páirt i gclár oiliúna IHI le linn 2014 agus bronnfar teastais orthu siúd a chríochnaigh an cúrsa ag searmanas bronnta teastas a bheidh ar siúl in oifigí an Údaráis i Margadh na Feirme in 2015.

Chuir sainchomhairleoir ón NHS sa Ríocht Aontaithe an chéim dheireanach den mheasúnacht sheachtrach 3 chuid ar an gclár oiliúna feabhsaithe cáilíochta i gcrích i mí na Nollag 2014 agus fuair an clár ardmholadh.

### 4.4.7 Réiteach cógas

Rinneamar tionscnamh náisiúnta sábháilteachta othar sa tsábháilteacht cógas a fhorbairt agus foilsíodh an cháipéis *Prionsabail an Dea-chleachtais sa Réiteach Cógas*. Bhí an cháipéis seo bunaithe ar ar foghlaimíodh de dhroim clár píolótach a rinneadh i gcomhar le 4 ospidéal géarmhíochaine agus le 6 ospidéal pobail agus teach altranais le linn 2013.

Rinneadh measúnacht ar an gcáipéis i mí na Nollag 2014 agus is dearfach a bhí an t-aiseolas a fuarthas ó na freagróirí, a chuir in iúl gur athraigh siad a gcuid cleachtas bainistithe agus réitigh cógas mar thoradh uirthi.

### 4.4.8 Gníomhaíochtaí idirnáisiúnta

Is é an tÚdarás an pointe teagmhála náisiúnta d'Éirinn sa ghníomhaíocht chomhpháirteach – Líonra an Aontais Eorpaigh um Shábháilteacht Othar agus Cháilíocht Cúraim. Cuireadh tús leis an Líonra ar an 1 Aibreán 2012 agus is tionscadal 3 bliana é.

D'óstáil an tÚdarás comhdháil idirnáisiúnta de chuid PaSQ ar an tsábháilteacht othar in 2014, rud ar fhreastail thart ar 150 duine air.
Ba é cuspóir an chruinnithe comhar idir ballstáit an Aontais Eorpaigh a neartú i dtaobh saincheisteanna a bhaineann le cáilíocht agus le sábháilteacht an chúraim a thugtar d'othair. Thug an chomhdháil deis

do ghairmithe san earnáil cúraim sláinte agus shóisialta in Éirinn foghlaim ó thaithí dhaoine eile maidir le tionscnaimh feabhsaithe cáilíochta ar éirigh leo i dtíortha eile agus a gcuid taithí féin a chomhroinnt lena gcuid comhghleacaithe Eorpacha.

D'éascaigh an tÚdarás freisin roinnt cruinnithe faoin Líonra do roinnt páirtithe leasmhara náisiúnta éagsúla le cíoradh a dhéanamh ar na bealaí a bhféadfadh na páirtithe leasmhara seo agus an tÚdarás obair a dhéanamh le chéile agus cúnamh a thabhairt don chomhghníomh.

### 4.4.9 Rannpháirtíocht úsáideoirí seirbhísí

Bhuail Painéal Náisiúnta na nDaoine Muinteartha, ar a bhfuil cairde agus daoine muinteartha leis na daoine a bhfuil cónaí orthu in ionaid ainmnithe, leis an Údarás roinnt uaireanta le linn 2014. Is é an grúpa seo a d'fhorbair an nuachtlitir REACH, rud atá ceaptha le daoine muinteartha agus cairde leo siúd atá ina gcónaí in ionaid chúraim chónaithe a chur ar an eolas faoin dea-chleachtas sa chúram cónaithe agus cumhacht a thabhairt dóibh chomh maith.
Foilsíodh dhá eagrán den nuachtlitir REACH i gcaitheamh 2014.
Oibríonn Painéal Náisiúnta na nDaoine Muinteartha i gcomhar linn chomh maith le haiseolas agus le comhairle a thabhairt maidir le caighdeáin agus feidhmíonn baill an ghrúpa mar thacadóirí thar ceann na ndaoine a bhfuil gaol acu leo siúd atá ina gcónaí i saoráidí cúraim chónaithe.
Ghlac baill den Phainéal páirt i gClár Feabhsaithe Cáilíochta IHI de chuid an Údaráis le linn na bliana freisin.

# 4.5
# An Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Corparáideacha Fíricí agus Fócas

BRONNADH
**GRADAM 'ARDMHOLTA'**
AR ÁR nOIFIGÍ I mBAILE ÁTHA CLIATH AGUS I gCORCAIGH I gCLÁR 'OPTIMISING POWER @ WORK' DE CHUID AN OPW

LAGHDAÍODH ÍDIÚ FUINNIMH IN 2014
**49%**
I gCOMPARÁID LE 2010

EISÍODH FEASACHÁIN DO BHAILL FOIRNE GO RIALTA
MAR AON LE TUAIRISCÍ MÍOSÚLA AR AN DUL CHUN CINN I dTAOBH ÍDIÚ FUINNIMH AGUS ASTAÍOCHTAÍ CO2

**33**
**LÍON NA nIARRATAS SAORÁLA FAISNÉISE**
A FUARTHAS I RITH 2013

## 4.5 An Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Corparáideacha

### 4.5.1 Cúlra

Cinntímid éifeachtacht na gcóras, an infreastruchtúir agus na bpróiseas a éascaíonn seachadadh éifeachtúil sheirbhísí agus cuspóirí an Údaráis. Leanamar de na feidhmeanna seo a fhorbairt agus a neartú i gcaitheamh na bliana 2014.

### 4.5.2 Acmhainní daonna

Tacaíonn an fhoireann acmhainní daonna leis an gcaidreamh le fostaithe, le forbairt beartas, leis an earcaíocht, le cúrsaí cúitimh (párolla, pinsin agus sochair eile), leis an gcóras bainistíochta feidhmíochta agus le forbairt na heagraíochta.

Bhí an Rannóg Acmhainní Daonna i gceannas ar an bpróiseas chun 35 post nua san Údarás a líonadh in 2014. Ina theannta sin, d'earcaigh sí baill foirne gníomhaireachta le tacaíocht bhreise shealadach a chur ar fáil agus threoraigh sí tionscadail ionduchtúcháin ar mhaithe le baill foirne nua.

Leanadh den phróiseas foghlama agus forbartha eagraíochta ar fud an Údaráis. Imríonn sé seo tionchar nach beag ar fheidhmíocht na heagraíochta a fheabhsú. Cuireadh réimse leathan clár ar fáil, lena n-áirítear clár forbartha ceannasaíochta, a cuireadh ar fáil do bhainisteoirí líne san eagraíocht. D'oibrigh an fhoireann acmhainní daonna le páirtithe leasmhara inmheánacha freisin chun sainaithint a dhéanamh ar chroíchláir foghlama agus forbartha i réimsí straitéiseacha agus chun na cláir sin a chur ar fáil.

### 4.5.3 Bainistíocht airgeadais

Rinne an tÚdarás a chuid acmhainní airgeadais a bhainistiú de réir na riachtanas rialachais. Bailíodh táillí bliantúla in am is i dtráth agus chuir an próiseas buiséadaithe agus réamhaisnéisithe ar ár gcumas an caiteachas iarbhír a bhainistiú i gcomparáid leis na hacmhainní a bhí ar fáil agus a bhí beartaithe.

Rinne soláthróir iniúchta inmheánaigh an Údaráis iniúchadh ar rialú inmheánach airgeadais an Údaráis i gcaitheamh na bliana. Ní dhearnadh sainaithint ar aon bhuairt ábhartha.

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag forbairt bogearraí airgeadais dá chuid féin, rud a dhéanfaidh idirbhearta airgeadais a phróiseáil agus a thabharfaidh faisnéis bhainistíochta don lucht bainistíochta le tacú leo cinntí a dhéanamh.

Cuireadh cuntais bhliantúla an Údaráis don bhliain 2014 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir na n-amlínte a leagtar síos san Acht Sláinte, 2007.

### 4.5.4 An Plean Corparáideach agus an Plean Gnó

D'fhoilsigh an tÚdarás a Phlean Gnó, 2014, inar leagadh amach na croíchuspóirí gnó a bhí le baint amach i gcaitheamh na bliana i gcomhréir leis an bPlean Corparáideach, 2013 – 2015. Tá an dá cháipéis le fáil ar www.hiqa.ie.


### 4.5.5 Ídiú fuinnimh

Úsáidtear fuinneamh i bhfoirgnimh an Údaráis chun críocha téimh, aerchóiriú, uisce te, soilsiú, agus úsáid trealaimh oifige. Úsáideadh 19% d'iomlán an fhuinnimh a ídíodh in 2014 i gCeannáras an Údaráis i Machain, Corcaigh. Ídíodh 81% d'iomlán an fhuinnimh in san Oifig Réigiúnach i mBaile Átha Cliath, lena n-áirítear spás oifige nua atá thart ar 976m2 ar achar ina raibh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí lonnaithe roimhe seo.

Bronnadh gradam 'ardmholta' ar Cheannoifig an Údaráis agus ar Oifig Réigiúnach an Údaráis i Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath, i ngradaim réigiúnacha 'Optimising Power @ Work' de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí.

D'fheabhsaigh an tÚdarás a fheidhmíocht ó thaobh fuinnimh de in 2014 tríd an méid fuinnimh a d'ídigh sé a laghdú 48.9% i gcomparáid leis an mbliain 2010 (gan limistéar an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a chur san áireamh).

**Figiúr 14:** Ídiú Fuinnimh Bliantúil (kWh) an Údaráis.



D'ídigh an tÚdarás 852,726 kWh d'fhuinneamh ar an iomlán, ar figiúr é a chuimsíonn:

- 164,806 kWh de leictreachas i gCeannáras an Údaráis i gCorcaigh.
- 204,378 kWh de leictreachas san Oifig Réigiúnach i Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath.
- 126,182 kWh de bhreoslaí iontaiseacha san Oifig Réigiúnach i Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath.
- 144,157 kWh de leictreachas in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Phoiblí, Margadh na Feirme.
- 213,203 kWh de bhreoslaí iontaiseacha in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Phoiblí, Margadh na Feirme.

Léirítear i bhfigiúr 14 an méid iomlán fuinnimh a shábháil an tÚdarás i Machain agus i Margadh na Feirme.

D'éirigh leis an Údarás a fheidhmíocht ó thaobh fuinnimh de a fheabhsú mar thoradh ar roinnt tionscnamh:

- Leanamar de pháirt ghníomhach a ghlacadh sa tionscnamh 'Optimising Power @ Work' de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí. Bhí i gceist leis seo ceardlann agus an searmanas bronnta do Chúige Mumhan a óstáil, i measc rudaí eile.
- Eisíodh feasacháin do bhaill foirne go rialta, mar aon le tuairiscí míosúla ar an dul chun cinn i dtaobh ídiú fuinnimh agus astaíochtaí $CO_2$.

Tá an tÚdarás tiomanta do thionscnaimh a cuireadh ar bun faoi fheachtas fuinnimh 'Optimising Power @ Work' agus leanfaidh sé ag aghaidh leo.

### 4.5.6 Córais faisnéise

Chuireamar an chéad chéim den chlár uasghrádaithe infreastruchtúr teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) i gcrích in 2014. Rinneadh cliaint a uasghrádú mar chuid den obair seo, chomh maith le hinfreastruchtúr Exchange agus stórála. Rinneamar Ríomh-Straitéis le haghaidh TFC a fhorbairt chun a chinntiú go mbeadh cúrsaí TFC ar aon dul le straitéis chorparáideach an Údaráis.

Leanamar de Prisim a fhorbairt, arb é córas faisnéise an Údaráis é, ach gnéithe breise a chur leis agus caoi sheolta éifeachtach a chur ar réimsí eile. Thugamar faoi thairseach soláthróirí a fhorbairt, rud a chuirfidh ar chumas soláthróirí plé a dhéanamh leis an Údarás thar an Idirlíon. Cuireadh seirbhís tuairiscithe chorparáidigh ar fáil trí ardán Prism chomh maith.

Leanamar de thacaíocht a chur ar fáil do na húsáideoirí uile ó thús deireadh na bliana 2014 agus rinneamar deimhin de go raibh fáil acu ar chórais shlána, iontaofa an t-am ar fad.

### 4.5.7 Sláinte agus sábháilteacht

Glacann an tÚdarás de chúram air féin sábháilteacht, sláinte agus leas na mball foirne agus na ndaoine a thugann cuairt ar oifigí dá chuid a áirithiú ach beartais chuí a chur i bhfeidhm, measúnuithe rioscaí a dhéanamh, agus oiliúint, cúnamh i gcomhair fostaithe, agus cláir feasachta sábháilteachta a chur ar fáil.

Thug an tÚdarás faoi oibreacha ag a oifig réigiúnach i mBaile Átha Cliath le hinrochtaineacht a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas.

Níor thit aon timpistí ná aon ghortuithe sa láthair oibre le linn 2014, rud a fhágann go bhfuil taifead foirfe sábháilteachta ag an Údarás go fóill. Tuairiscigh baill foirne allamuigh dhá neasteagmhas agus rinneadh athbhreithniú orthu.

### 4.5.8 Saoráil faisnéise

Fuair an tÚdarás 33 iarratas Saorála Faisnéise (SF) ar an iomlán i gcaitheamh 2014 agus tugadh aon iarratas amháin anonn ón mbliain 2013. As na 34 iarratas seo, deonaíodh 10 gcinn acu go hiomlán, deonaíodh 14 gcinn go páirteach, diúltaíodh do 8 gcinn, cuireadh ceann amháin ar aghaidh chuig gníomhaireacht rialtais eile, agus tugadh ceann amháin eile anonn chuig 2015. Rinneadh achomharc in aghaidh an chinnidh ar cheann de na hiarratais agus chuir an t-iarratasóir ceann eile de na hiarratais faoi bhráid Oifig an Choimisinéara Faisnéise lena athbhreithniú.

Bhí an tÚdarás páirteach i gcúig chomhairliúchán neamhfhoirmeálta le gníomhaireachtaí eile maidir le hiarratais Saorála Faisnéise a fuair siad, rud a chuir isteach ar obair an Údaráis.

Freagraíodh do na hiarratais ar fad de réir na gceanglas a leagtar síos sna hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003, agus san Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, a tugadh isteach i mí Dheireadh Fómhair 2014. Cuireadh le líon na gcinnteoirí um shaoráil faisnéise atá ag an Údarás trí oiliúint chuí a chur ar fáil.

### 4.5.9 Cosaint sonraí

Tá an tÚdarás cláraithe mar rialaitheoir sonraí de bhun an Achta um Chosaint Sonraí, 1988 agus an Achta um Chosaint Sonraí (Leasú), 2003. Tá ráiteas cleachtas faisnéise le fáil ar www.hiqa.ie. Fuair an tÚdarás dhá iarratas ar shonraí pearsanta ón duine ab ábhar dóibh ar an iomlán le linn 2014.

# 4.6 An Stiúrthóireacht um Chumarsáid agus Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara

## Fíricí agus Fócas

**35**
LÍON NA bPREASEISIÚINTÍ LE LINN 2014

LE LINN 2014 MHÉADAIGH LÍON NA gCUAIRTEANNA AR **LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDARÁIS**
**44%**

**55**
LÍON NA gCEISTEANNA PARLAIMINTEACHA A FREAGRAÍODH ANURAIDH

MHÉADAIGH LÍON NA SÍNTIÚS A GLACADH LE **HIQA NEWS**
**16%**

SCAIPEADH AN tEAGRÁN DEIREANACH CHUIG **2,722** PÁIRTÍ LEASMHARA

## 4.6 An Stiúrthóireacht um Chumarsáid agus Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara

### 4.6.1 Cúlra

Téann an tÚdarás i dteagmháil leis an bpobal i gcoitinne agus lenár bpáirtithe leasmhara iomadúla ar bhonn rialta. Is í an tosaíocht atá againn ná seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta níos fearr, níos sábháilte, agus ar chaighdeán níos airde a chur chun cinn. Tacaíonn an Stiúrthóireacht um Chumarsáid agus Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara leis an tosaíocht seo trí fhaisnéis a chur ar fáil atá idir tráthúil agus chruinn. Déanaimid an obair seo agus coinnímid guth neamhspleách, neamhchlaonta ag an am céanna.

D'fhoilsíomar tuarascálacha agus moltaí in 2014 a bhí ar aon dul le croí-threoirphrionsabail an Údaráis .i. an oscailteacht agus an trédhearcacht. Leanamar ar aghaidh ag obair as lámha a chéile leis na meáin agus le páirtithe leasmhara eile d'fhonn a chinntiú go dtuairiscíonn na meáin go cruinn faoina ndéanaimid, go gcoinnítear an pobal i gcoitinne ar an eolas faoina ndéanaimid, agus go n-éascaítear dóibh a ndéanaimid a thuiscint.

### 4.6.2 Feidhmeanna

Comhlíonaimid sé fheidhm le freastal ar riachtanais chumarsáide an Údaráis. Is iad sin:

- caidreamh leis na nuachtáin agus leis na meáin
- bainistíocht foilsitheoireachta agus foilseachán
- cumarsáid inmheánach
- cumarsáid ar líne
- gnóthaí poiblí agus parlaiminteacha
- comhairliúchán agus rannpháirteachas le páirtithe leasmhara.

### 4.6.3 Caidreamh leis na nuachtáin agus leis na meáin

Leanamar de scéalta tábhachtacha faoi shaothar an Údaráis a chur in iúl le linn 2014. Thuairiscigh na meáin idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnacha faoi na scéalta seo i gcló, ar an aer agus ar líne. Rinneamar thart ar 350 tuairisc a thaifeadadh sna meáin chlóite agus sna meáin chraolacháin gach mí maidir lenár gcuid oibre. D'oibríomar leis na meáin chun a chinntiú gur cuireadh teachtaireacht an Údaráis ar a shúile don phobal ar bhealach comhsheasmhach, soiléir.

Lean ár gcaidreamh leis na meáin ar aghaidh ag fás agus d'eisíomar 35 preaseisiúint le linn 2014. Léirigh sé seo méadú 20% ar líon na

bpreasráiteas a eisíodh in 2013. I measc na n-imeachtaí ba thábhachtaí ó thaobh na meán de in 2014 bhí foilsiú na tuarascála ar sheirbhísí cúraim éigeandála réamhospidéil, an athbhreithnithe rialachais ar Ospidéil Ollscoil Luimnigh, ár dtuarascála foramhairc ar iniúchtaí sláinteachais ar ospidéil ghéarmhíochaine phoiblí, ár gcéad tuarascála bliantúla foramhairc ar rialáil ionad ainmnithe do dhaoine breacaosta, agus ár MTS ar Dhífhibrileoirí Rochtana Poiblí.

I dtreo dheireadh 2014, tháinig caighdeáin dho-ghlactha cúraim chun solais ag teach cúraim chónaithe do dhaoine fásta faoi mhíchumas i gCo. Mhaigh Eo darb ainm Áras Attracta mar thoradh ar chlár de chuid Prime Time ar RTÉ. Is iomaí plé a rinneadh sna meáin chumarsáide mar gheall ar an gclár faisnéise agus chuireamar eolas cruinn ar fáil mar fhreagairt ar cheisteanna agus ar ábhair b'údar imní a cuireadh i dtreo an Údaráis. Rinneamar cumarsáid oscailte leis na meáin d'fhonn an pobal i gcoitinne a chur ar a shuaimhneas faoinár bhfeidhm rialála agus spreag sé plé oscailte, trédhearcach ar ár sainchúram agus ar a ndéanaimid.




Cuireann Siobhán Bastible ó Nuacht TV3 agallamh ar an bPríomhfheidhmeannach Phelim Quinn maidir lenár n-athbhreithniú rialaithe ar Ospidéil Ollscoil Luimnigh

### 4.6.4 Bainistíocht foilsitheoireachta agus foilseachán

Táimid tiomanta d'fhaisnéis a tháirgeadh atá éasca le tuiscint. Cinntíonn sé seo go dtuairiscítear faoina ndéanaimid go breá soiléir don phobal. D'fhorbraíomar mórchlár oiliúna sa Bhéarla Simplí don fhoireann agus chuireamar ar fáil é i gcomhar le NALA, an Áisíneacht Náisiúnta

Litearthachta d'Aosaigh. D'fhreastail breis is 100 ball foirne ó fud fad na heagraíochta ar na seisiúin oiliúna.

Leanaimid d'obair a dhéanamh i dtreo a chinntiú go mbíonn foilseacháin dár gcuid inrochtana agus go gcloíonn siad le prionsabail an Bhéarla Shimplí, nuair is féidir. Foilsímid ár dtuarascálacha agus ár bhfoilseacháin ar ár láithreán gréasáin, www.hiqa.ie, áit ar féidir iad a íoslódáil go héasca.

D'fhoilsíomar 46 foilseachán ardleibhéil in 2014, lenar áiríodh caighdeáin náisiúnta agus treoircháipéisí le haghaidh seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta. Tháirgeamar roinnt dár gcuid foilseachán i leaganacha 'éasca le léamh' agus chuireamar ár dteachtaireacht in iúl go breá soiléir trí leaganacha físe agus fuaime de roinnt foilseachán a chur le chéile.

### 4.6.5 Cumarsáid inmheánach

Tacaímid le cumarsáid inmheánach ar fud an Údaráis.

Bhí cruinnithe rialta foirne agus an t-inlíon ar an dá fhoinse cumarsáide inmheánaigh ba mhó i ndáil le gníomhaíochtaí an Údaráis agus coinníodh an fhoireann ar an eolas faoi na hathruithe agus faoi na forbairtí ar fad a bhí ag titim amach san eagraíocht.

Tá an iris inmheánach mhíosúil Inside Track fós ina huirlis éifeachtach, shimplí, a choinníonn an fhoireann ar an eolas faoin obair ar fad atá ar bun ag an Údarás.

### 4.6.6 Cumarsáid ar líne (an láithreán gréasáin san áireamh)

Bhíomar fós tiomanta don suíomh Idirlín, do bhealaí meán sóisialta agus don inlíon a fhorbairt ó thús deireadh 2014.

Tá ár suíomh Idirlín ar fhoinse thábhachtach faisnéise do pháirtithe leasmhara agus do bhaill foirne go fóill. Thugamar faoi thionscadal le linn na bliana leis an bhfaisnéis agus leis na foirmeacha ar líne atá ar fháil do sholáthróirí seirbhíse a nuashonrú.
Lena chois sin, cuireadh tús le hobair i dtreo shuíomh Idirlín an Údaráis a leasú ó bhonn in 2015.

Mhéadaigh líon na gcuairteanna ar shuíomh Idirlín an Údaráis 44% le linn 2014. Ba iad na ceithre leathanach ba mhó a raibh tóir orthu ar www.hiqa.ie:

- an leathanach baile
- na tuairiscí iniúchta is déanaí
- eolaire A-Z na dtuairiscí iniúchta ar thithe altranais
- tuairiscí iniúchta ar sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.

Tháinig méadú 100% ar líon na bhfoilseachán a íoslódáladh ónár suíomh Idirlín in 2014. Ba iad na ceithre cháipéis ba mhó a raibh tóir orthu ar ár suíomh Idirlín:

- *Na Caighdeáin Cáilíochta Náisiúnta um Shocruithe Cúraim Chónaithe do Dhaoine Breacaosta in Éirinn*
- *Na Caighdeáin Náisiúnta do Sheirbhísí Cónaithe do Leanaí agus do Dhaoine Fásta faoi Mhíchumas*
- *Na Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte, Níos Fearr* agus
- Ceisteanna coitianta do sholáthróirí seirbhísí cónaithe do leanaí agus do dhaoine fásta faoi mhíchumas.

Tháinig méadú 120% ar líon na gcuairteanna a tugadh ar ár suíomh Idirlín ó ghléasanna móibíleacha, lena n-áirítear fóin phóca agus táibléid. Mhéadaigh líon na leathanach ar breathnaíodh orthu ar ghléasanna móibíleacha 143%. Rinneamar ár mbealaí meán sóisialta a fhorbairt tuilleadh in 2014, ár leathanach ar Facebook, ár gcainéal ar YouTube, agus ár gcuntas ar Twitter san áireamh, d'fhonn cumarsáid a dhéanamh le níos mó daoine.

Agus muid ag idirghníomhú agus ag cumarsáid le daoine ar na meáin shóisialta táimid ag forbairt pobal daoine a bhfuil suim acu i saothar an Údaráis agus ag lorg ionchuir ó pháirtithe leasmhara. Tháinig borradh suntasach i líon na ndaoine a leanann an tÚdarás ar líonraí meán sóisialta in 2014. Mhéadaigh líon na ndaoine a bhí ag leanúint an Údaráis ar Twitter 73% agus mhéadaigh líon na leantóirí ar Facebook 45%.
Mhéadaigh líon na ndaoine a bhfuilimid nasctha leo ar LinkedIn 64%.

Mhéadaigh líon na bhfíseán ar breathnaíodh orthu ar ár gcainéal ar YouTube 30%. Meastar gur breathnaíodh ar 21,293 nóiméad d'fhíseáin de chuid an Údaráis ar YouTube in 2014, ar figiúr é a léiríonn méadú 40% i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Rinneamar roinnt leaganacha fuaime d'fhoilseacháin dár gcuid a uaslódáil chuig SoundCloud chomh maith; tháinig méadú 100% ar líon na n-éisteoirí ar an ardán seo.

Lean dár seirbhís SMS tuairiscí chun dáta ar obair an Údaráis a sheoladh amach chuig 461 síntiúsóir. Mhéadaigh líon na síntiúsóirí SMS 21% in 2014.

### 4.6.7 Gnóthaí poiblí agus parlaiminteacha

Tá an tÚdarás freagrach don Rialtas agus do Thithe an Oireachtais. Bímid réamhghníomhach agus freagrach agus muid ag cur faisnéis bheacht ar fáil. Is é ár mbeartas freagra a thabhairt ar gach ceist pholaitiúil in

am. Bímid i dteagmháil dhíreach le ranna rialtais, le Comhchoiste an Oireachtais um Shláinte agus Leanaí, agus le hurlabhraithe bainteacha.

Chuir ár gcuid oibre roinnt mhaith cuir agus cúitimh san Oireachtas i gcomhthéacs in 2014 agus rinneadh tagairt don Údarás 457 uair i ndíospóireachtaí parlaiminteacha. Chuireamar nótaí mionteagaisc ar fáil d’Oifig an Taoisigh agus d’Oifig an Aire Sláinte lena n-úsáid i ndíospóireachtaí Oireachtais maidir le míreanna tábhachtacha. I measc na míreanna seo bhí obair an Údaráis le monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht agus ar shábháilteacht an chúraim chónaithe do dhaoine faoi mhíchumas agus le hiad a fheabhsú; iniúchadh an Údaráis a leanann ar aghaidh ar an Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise; agus athbhreithniú 2014 an Údaráis ar sheirbhísí cúraim éigeandála réamhospidéil.

Fuair an tÚdarás 55 ceist pharlaiminteacha anuraidh agus thug sé freagra orthu uile. Léiríonn sé seo méadú 44% ar na 38 ceist pharlaiminteacha ar fhreagair an tÚdarás in 2013 iad. Tá tábhacht ag baint le ceisteanna parlaiminteacha i dtaobh a chinntiú go mbíonn an tÚdarás freagrach as a chuid oibre, go dtuigtear an obair sin, agus go dtuairiscítear fúithi ar bhealach cruinn, cothrom. Bain na ceisteanna parlaiminteacha ar thug an tÚdarás freagra orthu leis an Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Corparáideacha (46%), leis an Stiúrthóireachta Rialacháin (40%), leis an Stiúrthóireacht um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte (4%), le hOifig an Phríomhfheidhmeannaigh (4%), leis an Stiúrthóireacht um Chumarsáid agus Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara (4%), agus leis an Stiúrthóireacht um Fheabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta (2%). Tugadh freagraí ar gach uile cheist in am. D'fhreagraíomar 4 iarratas fhoirmeálta ar fhaisnéis ó Roinn an Taoisigh agus ón Roinn Sláinte in 2014 freisin.

Is iomaí plé a rinneadh san Oireachtas ar athbhreithniú an Údaráis ar sheirbhísí cúraim éigeandála réamhospidéil, a foilsíodh i mí na Nollag 2014. An 2 Nollaig, chuir ár bPríomhfheidhmeannach, Phelim Quinn, agus Ceannasaí Gníomhach na Stiúrthóireachta Rialúcháin, Mary Dunnion, an t-athbhreithniú faoi bhráid Chomhchoiste an Oireachtais um Shláinte agus Leanaí. Rinne plé fairsing ar thorthaí agus ar théarmaí tagartha an athbhreithnithe sa Dáil agus sa Seanad. Chuir Phelim Quinn tuarascáil bhliantúil foramhairc an Údaráis ar rialáil ionad ainmnithe do dhaoine breacaosta faoi bhráid Chomhchoiste an Oireachtais um Shláinte agus Leanaí chomh maith.




An Príomhfheidhmeannach Phelim Quinn ag labhairt le baill Chomhchoiste an Oireachtais um Shláinte agus Leanaí maidir le tuarascáil bhliantúil foramhairc an Údaráis ar thithe altranais.

Léiríonn réimse na gceisteanna a chuir grúpaí polaitíochta éagsúla san Oireachtas go mbíonn ionadaithe tofa feasach agus eolach ar a ndéanaimid. Bímid i dteagmháil le hUrlabhraithe an Oireachtais ar Shláinte agus ar Leanaí ar bhonn leanúnach. Lena chois sin, is minic a fhaigheann an tÚdarás ceisteanna go díreach ó ionadaithe poiblí agus óna n-oifigí.

### 4.6.8 Comhairliúchán agus rannpháirteachas le páirtithe leasmhara

Leanamar de choinneáil i dteagmháil le páirtithe leasmhara; an pobal i gcoitinne, úsáideoirí seirbhísí, soláthróirí seirbhíse agus grúpaí tathanta san áireamh. Is í an tosaíocht is mó atá againn ná a bheith freagrach do riachtanais na ndaoine a úsáideann agus a sholáthraíonn seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta.

Cuid thábhachtach dár gcuid oibre in 2014 ba ea páirt a ghlacadh i gcomhairliúcháin phoiblí; sheolamar roinnt comhairliúchán poiblí tábhachtach sular thugamar ár moltaí deireanacha i ndáil le roinnt measúnachtaí teicneolaíochta sláinte (MTS).
Ina measc siúd bhí an MTS ar dhífhibrileoirí rochtana poiblí agus an MTS ar thairseacha atreoraithe do ghnáthaimh. Bhíomar páirteach i roinnt comhairliúchán ar eagraigh eagraíochtaí agus comhlachtaí poiblí eile iad chomh maith.

D'fhorbraíomar an rannpháirteachas le páirtithe leasmhara in 2014 trí cheithre eagrán dár n-iris ráithiúil *HIQA News* a eisiúint, ar iris í a choinníonn ár bpáirtithe leasmhara ar an eolas faoina mbíonn ag titim

amach laistigh den Údarás féin agus i ndisciplíní cúraim sláinte agus shóisialta ar fud na cruinne. Mhéadaigh líon na síntiús a glacadh le *HIQA News* 16% in 2014. Scaipeadh an t-eagrán deireanach in 2014 ar 2,722 páirtí leasmhara go leictreonach. Tháinig méadú 4% ar líon na léitheoirí a d'úsáid fóin chliste le rochtain ar *HIQA News*.

## 4.7 Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh

### 4.7.1 Cúlra

Tugann Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh maoirseacht, treoir agus tacaíocht don Údarás le cur ar a chumas a chuspóirí a bhaint amach de réir creat rialachais. Tá san áireamh sa saothar seo tacaíocht éifeachtach a thabhairt don Bhord agus do choistí an Bhoird lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an tÚdarás na ceanglais reachtúla atá air.

### 4.7.2 An Bord agus coistí an Bhoird

Bliain an-chruógach ba ea an bhliain 2014 don Bhord agus dá choistí. Dhírigh an Bord ar ghnóthaí eagraíochtúla agus rialachais toisc gur tháinig roinnt athruithe ar an bhfoireann bainistíochta sinsearaí, rud a thug orainn Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nua a cheapadh agus straitéis nua a chur le chéile le folúntais shinsearacha eile san Údarás a bhainistiú. Tháinig sé seo chun buaice nuair a ceapadh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nua, Phelim Quinn, ar an 1 Nollaig 2014.

Rinneadh athruithe ar an mBord freisin; d'éirigh triúr comhaltaí boird as i mí Feabhra 2014 agus ceapadh triúr comhaltaí boird nua i mí an Mhárta/mí Aibreáin 2014.

### 4.7.3 Cruinnithe an Bhoird agus na gCoistí

Tháinig an Bord le chéile 14 huaire i gcaitheamh 2014. Tionóladh 6 chruinniú reachtúla agus 8 gcruinniú eile a bhain le nithe ar leith.

**Coistí an Bhoird**

Is ann do cheithre choiste boird. Is iad seo a leanas na coistí sin:

**An Coiste Rialachais Cúraim Sláinte agus Shóisialta**, is é an coiste a dhéanann maoirseacht ar éifeachtacht, ar chúrsaí rialachais agus ar rialuithe a bhaineann le seachadadh fheidhmeanna cúraim sláinte agus shóisialta an Údaráis. Tháinig an coiste seo le chéile 4 huaire le linn 2014.

**An Coiste Iniúchta agus Rialachais Chorparáidigh**, is é an coiste a dhéanann monatóireacht ar chomhlíonadh fheidhmeanna reachtúla an Údaráis agus ar éifeachtacht na socruithe rialachais chorparáidigh, bainistíocht airgeadais, soláthair, bainistíocht riosca agus iniúchta inmheánaigh. Tháinig an coiste seo le chéile 5 huaire i gcaitheamh 2014.

**An Coiste Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochtaí**, is é an coiste a chuireann comhairle ar an mBord maidir le gnéithe tábhachtacha d'fheidhmeanna teicneolaíochta faisnéise agus sláinte an Údaráis agus leis na socruithe rialachais le haghaidh tionscadail taighde. Tháinig an coiste seo le chéile 2 uair i gcaitheamh 2014.

**An Coiste Luach Saothair agus Ainmniúchán**, is é an coiste a dhéanann monatóireacht ar riachtanais eagraíochta agus ar fhorbairt bhainistiúil an Údaráis. Tháinig an coiste seo le chéile 6 huaire le linn 2014.
Rinne an coiste seo maoirseacht ar phróiseas ceapacháin an Príomhoifigigh Feidhmiúcháin thar ceann an Bhoird.

### 4.7.4 An Cód Rialachais

D'fhaomh an tAire Sláinte Cód Rialachais agus Cód Gnó, arna n-athbhreithniú, i mí Dheireadh Fómhair 2014. Tá san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil seo tuarascáil ar shocruithe an Údaráis i dtaobh a Chód Rialachais a chur i ngníomh agus comhlíonadh an Chóid sin a áirithiú (Aguisín 2).

Is é Bord an Údaráis atá freagrach as an gcóras rialaithe inmheánaigh agus as athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha gach bliain, lena n-áirítear na rialuithe airgeadais, oibríochtúla, comhlíonta agus bainistíocht riosca. Leis an bhfreagracht seo a chomhlíonadh, bhunaigh an tÚdarás próiseas faoina dtugann an lucht

bainistíochta feidhmiúcháin ráitis urrúis don Bhord gach bliain ina leagtar amach na rialúcháin a bhaineann leis na feidhmeanna ar fad atá ag an Údarás.

Bíonn coistí an Bhoird tábhachtach sa phróiseas seo ós rud é go spíonann siad na rialúcháin a bhfuil feidhm acu ar na réimsí éagsúla. Clúdaíonn sé seo gach ceann d'fheidhmeanna reachtúla an Údaráis agus de na hoibríochtaí bainteacha. Clúdaíonn sé na gníomhaíochtaí tacaithe corparáideacha chomh maith. Tá na rialuithe airgeadais faoi réir iniúchadh inmheánach agus iniúchadh seachtrach ar bhonn bliantúil agus tuairiscítear don Bhord iad. Tagann an bhainistíocht riosca aníos arís is arís eile mar mhír ar an gclár gnó ag cruinnithe de Stiúrthóireachtaí, den Bhord Feidhmiúcháin agus de Choistí.

Tar éis do na coistí athbhreithniú a dhéanamh uirthi, cuirtear tuarascáil urrúis an lucht bainistíochta feidhmiúcháin faoi bhráid an Bhoird. Cuireadh an próiseas seo i gcrích sular chuir an Bord a lámh le Tuarascáil Bhliantúil 2014 agus le cuntais agus ráitis bhliantúla 2014, agus comhlíonann sé ceanglais Alt 10.1 den Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Eascraíonn urrúis ó fhoinsí eile chomh maith, lena n-áirítear:

- Obair iniúchta inmheánaigh
- Iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
- Tuairiscí rialta ar fheidhmíocht chorparáideach, lena n-áirítear na rioscaí corparáideacha.
- Tuairiscí arna dtabhairt ag an bPríomhfheidhmeannach agus ag Stiúrthóirí Feidhmiúcháin don Bhord.
- Tuairiscí arna dtabhairt ag Coistí an Bhoird don Bhord.

### 4.7.5 An Cód Iompraíochta Gnó

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú:

- go mbíonn an tÚdarás in oiriúint leis na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí.
- go ndéanann an tÚdarás aon choinbhleacht leasa a thagann chun solais a bhainistiú mar is cuí.
- go ndéanann an tÚdarás deimhin de go dtuigeann comhaltaí an Bhoird na dualgais atá orthu agus go ndearbhaíonn siad an tuiscint sin i scríbhinn.

### 4.7.6 Monatóireacht ar fheidhmíocht agus ar bhainistíocht riosca

Tugadh tuairisc ar dhul chun cinn i gcomparáid leis an bPlean Corparáideach agus le Plean Gnó 2014 ag gach cruinniú den Bhord, chomh maith le hathbhreithniú ar an gclár rioscaí corparáide. Cinntíonn sé seo go gcoinníonn an tÚdarás a fhócas straitéiseach agus go ndéantar monatóireacht ar stádas chuspóirí agus rioscaí corparáideacha an Údaráis ó thús deireadh na bliana.

# CAIBIDIL 5: FAISNÉIS AIRGEADAIS

## 5.1 Ráitis airgeadais

Níl san fhaisnéis airgeadais achoimrithe a leagtar amach sa tuarascáil seo cuntais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2014 chun críche Alt 35 (4) den Acht Sláinte, 2007.

Tá an fhaisnéis anseo bunaithe ar na dréachtchuntais de dheasca nach raibh na cuntais seo iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tráth ar foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil seo, agus ní féidir leis an Údarás iad a thabhairt chun críche dá bhrí sin.

**Achoimre ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an Údaráis don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014:**

| **Ioncam** | **€'000** |
|---|---|
| An Roinn Sláinte agus Leanaí | 9,400 |
| Táillí Bliantúla agus Táillí Clárúcháin | 6,907 |
| Ioncam Eile | 540 |
| **Iomlán an Ioncaim** | **16,847** |

| **Caiteachas** | **€'000** |
|---|---:|
| Táillí Gairmiúla | 433 |
| Costais Foirne | 12,764 |
| Taisteal agus cothú | 673 |
| Scaipeadh | 31 |
| Tacaíocht agus Teaghlachas | 2,980 |
| **Caiteachas Iomlán** | **16,881** |
| Barrachas Caiteachais thar Ioncam | (34) |
| Cúlchistí Tosaigh | 742 |
| **Cúlchistí Deiridh** | **708** |

Le haghaidh tuilleadh eolais, féach na cuntais iomlána don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2014 agus deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a ghabhann leo. Beidh cóipeanna de na cuntais le fáil ar www.hiqa.ie tar éis a bhfoilsithe.

# CAIBIDIL 6:
# AGUISÍNÍ

## Aguisín 1: Gníomhaíocht agus tinreamh an Bhoird in 2014

Leagtar síos san Acht Sláinte, 2007 go dtionólfaidh an Bord oiread cruinnithe agus is gá chun a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh, ach cruinniú gach dhá mhí ar a laghad. Luaitear anseo thíos na sé chruinniú sceidealaithe, chomh maith le tinreamh gach Comhalta boird.

**Tinreamh ag na 6 chruinniú boird, idir ghnáthchruinnithe agus chruinnithe reachtúla, in 2014.**

| Gnáthchruinnithe an Bhoird, 2014 | 8 Ean 2014 12 CB | 5 Már 2014 9 CB | 14 Bea 2014 12 CB | 2 Iúil 2014 12 CB | 17 M. Fómhair 2014 12 CB | 19 Sam 2014 12 CB | Tinreamh an duine aonair ag gnáthchru-innithe boird |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Brian McEnery | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 6 / 6 |
| Gráinne Tuke | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 6 / 6 |
| Philip Caffrey | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | As láthair | As láthair | 4 / 6 |
| Sam McConkey | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 6 / 6 |
| Cillian Twomey | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 6 / 6 |
| David Molony | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | As láthair | 5 / 6 |
| Sheila O'Malley | I láthair | I láthair | I láthair | As láthair | I láthair | I láthair | 5 / 6 |
| Una Geary | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 6 / 6 |
| Anne Carrigy | I láthair | I láthair | As láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 5 / 6 |
| Mo Flynn | I láthair | N/B* | N/B* | N/B* | N/B* | N/B* | 1 / 1 |
| Linda O'Shea Farren | I láthair | N/B* | N/B* | N/B* | N/B* | N/B* | 1 / 1 |
| Darragh O'Loughlin | I láthair | N/B* | N/B* | N/B* | N/B* | N/B* | 1 / 1 |
| Bairbre O'Neill | N/B** | N/B** | I láthair | I láthair | As láthair | I láthair | 3 / 4 |
| Mary Fennessy | N/B** | N/B** | I láthair | As láthair | I láthair | As láthair | 2 / 4 |
| Judith Foley | N/B** | N/B** | I láthair | As láthair | I láthair | As láthair | 2 / 4 |
| Tinreamh iomlán ag Cruinnithe an Bhoird | 12 / 12 | 9 / 9 | 11 / 12 | 9 / 12 | 10 / 12 | 8 / 12 | |

* d'éirigh an té seo as i mí Feabhra 2014, ** chuaigh an té seo isteach sa Bhord ag deireadh mhí an Mhárta/mhí Aibreáin 2014

Chomh maith leis na cruinnithe reachtúla a éilítear leis an Acht Sláinte, 2007, thionóil Bord an Údaráis ocht gcruinniú sa bhreis chun feidhmeanna an Údaráis a chur chun cinn.

## Tinreamh ag na 8 gcruinniú boird urghnácha in 2014.

| Cruinnithe urghnácha an Bhoird, 2014 | 7 Ean 2014 12 CB | 4 Már 2014 9 CB | 18 Már 2014 9 CB | 1 Bea 2014 12 CB | 17 Mei 2014 12 CB | 26 Lún 2014 12 CB | 21 DFó 2014 12 CB | 26 Sam 2014 12 CB | Tinreamh an duine aonair ag gnáthchruinnithe boird |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Brian McEnery | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 8 / 8 |
| Gráinne Tuke | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 8 / 8 |
| Philip Caffrey | I láthair | I láthair | I láthair | As láthair | I láthair | As láthair | As láthair | As láthair | 4 / 8 |
| Sam McConkey | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 8 / 8 |
| Cillian Twomey | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | As láthair | I láthair | I láthair | 7 / 8 |
| David Molony | I láthair | As láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 7 / 8 |
| Sheila O'Malley | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 8 / 8 |
| Una Geary | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | As láthair | 7 / 8 |
| Anne Carrigy | I láthair | I láthair | As láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | As láthair | 6 / 8 |
| Mo Flynn | I láthair | N/B* | N/B* | N/B* | N/B* | N/B* | N/B* | N/B* | 1 / 1 |
| Linda O'Shea Farren | As láthair | N/B* | N/B* | N/B* | N/B* | N/B* | N/B* | N/B* | 0 / 1 |
| Darragh O'Loughlin | I láthair | N/B* | N/B* | N/B* | N/B* | N/B* | N/B* | N/B* | 1 / 1 |
| Bairbre O'Neill | N/B** | N/B** | N/B** | I láthair | I láthair | As láthair | I láthair | I láthair | 4 / 5 |
| Mary Fennessy | N/B** | N/B** | N/B** | As láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 4 / 5 |
| Judith Foley | N/B** | N/B** | N/B** | As láthair | As láthair | As láthair | As láthair | As láthair | 0 / 5 |
| Tinreamh iomlán ag Cruinnithe an Bhoird | 11 / 12 | 8 / 9 | 8 / 9 | 9 / 12 | 11 / 12 | 8 / 12 | 10 / 12 | 8 / 12 | |

* d'éirigh an té seo as i mí Feabhra 2014, ** chuaigh an té seo isteach sa Bhord ag deireadh mhí an Mhárta/mhí Aibreáin 2014

## Aguisín 2: An Tuarascáil Bhliantúil ar Rialachas agus Chomhlíonadh

### 1. Réamhrá

Is é Bord an Údaráis atá freagrach as an gcóras rialaithe inmheánaigh agus as athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha gach bliain, lena n-áirítear na rialuithe airgeadais, oibríochtúla, comhlíonta agus bainistíocht riosca[2].

Sonraítear san Acht Sláinte, 2007 go dtabharfar breac-chuntas i gCód Rialachais an Údaráis ar 'na rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear na nósanna imeachta atá aige i ndáil le hiniúchadh inmheánach, le bainistíocht riosca, le soláthair phoiblí agus le tuairisciú airgeadais' agus go 'gcuirfidh an tÚdarás in iúl ina thuarascáil bhliantúil na socruithe atá aige chun an cód rialachais a chur i ngníomh agus chun go gcloífear i gcónaí leis'.

### 2. Rialachas agus comhlíonadh

Chun a chuid dualgas ina leith seo a chomhlíonadh, tá cur chuige glactha ag Bord an Údaráis ar dá réir a dtugann baill na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin ráiteas urrúis an duine do Choistí an Bhoird i ndáil le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha laistigh dá réimsí freagrachta.

Tar éis do na Coistí Boird an t-athbhreithniú seo a dhéanamh, cuirtear tuarascáil faoi bhráid Bhord an Údaráis. Déantar plé sna ráitis le feidhmeanna reachtúla an Údaráis, lena n-áirítear an fhaisnéis sláinte, an measúnú ar theicneolaíocht na sláinte, an fhorbairt caighdeán agus an rialachán. Leagtar amach sna ráitis na gníomhaíochtaí atá mar bhonn agus mar thaca ag gach aon fheidhm agus na rialuithe atá ann i dtaca leis na gníomhaíochtaí seo.

Mar chuid den athbhreithniú a dhéanann an Bord agus a choistí, déantar machnamh ar na próisis agus ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar feidhmeanna an Údaráis a bhainistiú agus a rialú go héifeachtach agus go mbíonn siad in oiriúint leis na ceanglais dhlíthiúla a leagtar síos san Acht Sláinte, 2007. I gcásanna ina dtagann réimsí is gá a fheabhsú chun solais, rachfar i ngleic leo sa chéad bhliain eile.

Tá bunaithe ag an Údarás freisin beartais agus nósanna imeachta corparáideacha diongbháilte i réimsí an airgeadais, na n-acmhainní daonna, agus na bainistíochta faisnéise lena chinntiú go gcuirtear gníomhaíochtaí sna réimsí seo i ngníomh ag an am céanna le córas éifeachtach rialuithe inmheánacha. Tá na ráitis urrúis maidir leis na gníomhaíochtaí seo cuartha ar fáil ag:

3 An Roinn Airgeadais. An Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, alt 10.1.

- An Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Corparáideacha, lena n-áirítear bainistíocht airgeadais, bainistíocht acmhainní daonna, bainistíocht teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide, agus comhlíonadh reachtaíochta atá dírithe ar an earnáil phoiblí, amhail an tSaoráil Faisnéise, Sláinte agus Sábháilteacht agus cleachtais earcaíochta.
- Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh, lena n-áirítear pleanáil agus tuairisciú corparáideach, eitic in oifigí poiblí, rialachas agus bainistíocht riosca i dtaobh an Bhoird agus coistí.
- Cumarsáid agus Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara, lena n-áirítear socruithe don rannpháirteachas le páirtithe leasmhara agus do ghnóthaí poiblí

Oibríonn an tÚdarás gan stad gan staonadh chun a shocruithe rialachais a threisiú chomh luath is a dhéantar sainaithint ar aon ghné is gá a fheabhsú.



**An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte**
**Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:**

An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte
Cúirt Sheoirse, Lána Sheoirse
Baile Átha Cliath 7
Guthán: +353 (0)1 814 7400
Ríomhphost: info@hiqa.ie
Gréasán: www.hiqa.ie

© An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, 2015